



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Ardteistiméireacht 2022

**Aistriúchán
Ar Scéim Mharcála**

Gnó

Ardleibhéal

Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótaíl i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuilleanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

Scéimeanna Marcála san am atá le teacht

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Scéim Mharcála agus Nótaí Tacaíochta le húsáid leis an Scéim Mharcála.

Agus an scéim mharcála agus na nótaí tacaíochta á mbreithniú is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:

- Níl na nótaí tacaíochta seo uileghabhálach ná críochnúil.
- **Ní** freagraí eiseamláireacha iad ach, ina ionad sin, sampla de fhreagraí féideartha atá iontu.
- I gcuid mhaith cásanna sna nótaí tacaíochta, d'fhéadfadh sé go mbeadh eochairfhrásaí a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra le go dtuillfidh sé nó sí na marcanna sannta.
- **Déantar pointí ábhartha eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair a mharcáil agus a chúiteamh de réir fiúntais.**
- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. Ar an ábhar sin, d'fhéadfadh riachtanais athrú ó bhliain go bliain.
- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.
- Scrúdaitheoir atá éiginnte faoi bhailíocht an chuir chuige a ghlacann aon iarrthóir ar leith i gcás aon cheiste, ba chóir dó/di teagmháil a dhéanamh lena scrúdaitheoir comhairleach.

Tá eolas sa tábla thíos maidir leis na nótaí mínithe a úsáidtear don mharcáil sa scéim mharcála.

Nóta Mínithe	Úsáid	Marcanna (más iomchuí)
 1	Faisnéis bhailí	1
 2	Faisnéis bhailí	2
 3	Faisnéis bhailí	3
 4	Faisnéis bhailí	4
 5	Faisnéis bhailí	5
 6	Faisnéis bhailí	6
 7	Faisnéis bhailí	7
 8	Faisnéis bhailí	8
 9	Faisnéis bhailí	9
 10	Faisnéis bhailí	10
 11	Faisnéis bhailí	11
L2	Marcanna a bronnadh as nascadh leis an téacs	2
L3	Marcanna a bronnadh as nascadh leis an téacs	3
	Farasbarr faisnéise	N/B
EVA	Measúnú.	
0	Freagra mícheart	0
	Leathanach feicthe ag an scrúdaitheoir / faisnéis neamhbhailí	N/B

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA ARDLEIBHÉAL 2022
SCÉIM MHARCÁLA
ROINN 1
(40 marc)

Ní mór an roinn seo a fhreagairt.
 Freagair 4 gceist. Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist.

Ceist	Scéim	Marcanna
1.	3,2,2,2,1	10
2.	3,2,2,2,1	10
3.	(a) 4m (2+2) (b) 2 x 3m (2+1)	10
4.	3,2,2,2,1	10
5.	Ríomhphost 5@1 Cearta 3+2	10
6.	(4+3+3)	10
7.	3,2,2,2,1	10
8.	(i) 4m (2+2) (ii) 2 x 3m (2+1)	10
9.	(3,3,2,2)	10
10.	(3+2) (3+2)	10
11.	(3+2) (3+2)	10
12.	(4+4+2)	10
Roinn 1	Marcanna atá ar fáil	40

ROINN 2
(80 Marc)
Píotsa Mhaidhc

Ceist ar an nGnó Fheidhmeach (Aonaid 4, 5 & 6)			Uasmharc
Ní mór an roinn seo a fhreagairt.			
(A)	Tabhair breac-chuntas ar na straitéisí éagsúla is féidir a úsáid chun athruithe a bhainistiú. Bíodh tagairt agat don téacs i do fhreagra.	30 3@10 (4+3+3) Straitéis, míniú, nasc.	30 marc
(B)	Déan measúnú ar an dá mhodh leathnaithe ar bhain Píotsa Mhaidhc leas astu.	2 x 10m (3+3+3+ 1) Stát, míniú, nasc. Measúnú	20 marc
(C)	(i) Pléigh na freagrachtaí sóisialta atá ar Phíotsa Mhaidhc i leith a chuid páirtithe leasmhara. (ii) Déan anailís ar impleacht amháin do Pizza Mhaidhc a bhaineann leis an ngnólacht a bheith ag comhlíonadh a chuid freagrachtaí sóisialta.	3 x 9m (3 + 3 + 3) Páirtí Leasmhar, Freagracht agus Nasc 3m	30 marc
A.	Marcanna atá ar fáil		80 marc

Agus freagraí á dtabhairt acu ar cheisteanna ar an CGF, ní mór d'iarrthóirí úsáid a bhaint as an eolas ábhartha agus as an tuiscint ábhartha a ghnóthaigh siad san ábhar agus staidéar á dhéanamh acu ar an gcúrsa, chomh maith leis na naisc ábhartha ón CGF.

Maidir leis na naisc a tugadh, **ní foláir** nó go mbaineann siad go díreach do rud ábhartha a luaitear/nath ábhartha/abairt ábhartha ón ABQ a thugann le fios go dtuigeann iarrthóirí pointe/pointí na teoirice a chuirtear i láthair go soiléir. Teastaíonn naisc ar leithligh i ngach roinn. Ní bhronntar aon nasc gan teoiric ábhartha.

Roinn 3
(180 marc)

Freagair **Trí** cheist as **Roinn 3** mar a leanas:

Ceist **amháin** as **Cuid 1**, Ceist **amháin** as **Cuid 2** agus ceist **amháin** eile as **Cuid 1** nó as **Cuid 2**. Tá na ceistanna go léir ar aon mharc.

Cuid 1

Daoine sa Ghnó / Timpeallacht Ghnó

Ceist 1			Uasmharc
Daoine sa Ghnó			
(A)	(i) Mínigh an téarma ceardchumann. (ii) Léirigh an tionchar a bhíonn ag díospóidí/aighnis trádála ar thrí cinn ar bith de na páirtithe leasmhara.	5m (2+3) 3 x 5m (2+3)	20
(B)	Tabhair breac-chuntas ar na modhanna neamhreachtacha atá ann chun díospóidí maidir le caidreamh tionsclaíoch a réiteach.	3 x 5m (2+3)	15
(C)	(i) Sainmhínigh an téarma idirdhealú/leithcheal faoi mar a leagtar amach é san Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2015. (ii) Déan liosta de chúig fhoras ar a bhfuil an t-idirdhealú/leithcheal toirmiscithe faoin Acht um Chomhionannas Fostaíochta. (iii) Tabhair breac-chuntas ar an ról atá ag an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre maidir le cásanna idirdhealaithe/leithcheal a réiteach a réiteach.	6m (3+3) 3,3,2,2,2 m 7m (2+2) (2+1)	25
Marcanna atá ar fáil			60

Ceist 2 Timpeallacht Intíre			Uasmharc
(A)	Déan ceann amháin de na cineálacha cuideachtaí teoranta seo a leanas a mheasúnú mar rogha úinéireachta gnó. (i) Comhlacht Príobháideach faoi Theorainn Scaireanna (comhlacht TEO.). nó (ii) Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe (DAC i mBéarla)- (faoi theorainn scaireanna).	3 x 6 (3+3) Meastóireacht/measúnú 2m	20
(B)	Pléigh an bealach a bhféadfadh Rialtas na hÉireann timpeallacht dhearfach a chruthú do ghnólachtaí amhail Seacláidí Breá. Úsáid samplaí chun do fhreagra a léiriú	2 x 7 (3.3.1) 1 x 6 (3,2,1)	20
(C)	(i) Idirdhealaigh/dean idirdhealú idir an earnáil phríomha/phríómhúil agus an earnáil threasach sa gheilleagar. (ii) Tabhair breac-chuntas ar na treochtaí reatha a bhfuil tionchar acu ar ghnólachtaí san earnáil threasach i ngeilleagar na hÉireann.	(2 + 3) (2 + 3) 2 x 5m (2+3)	20
Marcanna atá ar fáil			60

Ceist 3 Timpeallacht Idirnáisiúnta			Uasmharc
(A)	Tabhair breac-chuntas ar na dúshláin a bhaineann leis an margaíocht dhomhanda a d'fhéadfadh a bheith le sárú ag gnólacht Éireannach agus é ag trádáil go hidirnáisiúnta.	2 x 7 (4 + 3) 1 x 6 (3 + 3)	20
(B)	(i) Léirigh, agus sampla á úsáid agat, an tuiscint atá agat ar an téarma gnólacht dúchasach. (ii) Pléigh na buntáistí do ghnólachtaí móra dúchasacha a bhaineann leis an easpórtáil go dtí margaí nua.	5m (2+3) 3@5m(2+3)	20
(C)	Déan cur síos ar ról an Choimisiúin Eorpaigh agus Pharlaimint na hEorpa i bpróiseas cinnteoireachta an Aontais Eorpaigh.	2 x 7m (4 + 3) 1 x 6m (3+3)	20
Marcanna atá ar fáil			60

Ceist 4 Daoine sa Ghnó			Uasmharc
(A)	Mínigh forálacha an Achta um Chosaint Tomhaltóirí, 2007, agus bíodh tagairt agat dóibh seo a leanas: 1. Rialacháin maidir le taispeáint praghsanna. 2. Eolas míthreorach, bréagach nó míchruinn a sholáthar. 3. Forfheidhmiú an achta.	2 x 7m (4+3) 1 x 6m (3+3)	20
(B)	(i) Tabhair breac-chuntas ar ról Oifig an Ombudsman. (ii) Déan cur síos ar dhá ghné de Nós Imeachta na nÉileamh Beag / Cúirt na nÉileamh Beag.	8 (4+4) 2 x 6m (3+3)	20
(C)	Tabhair breac-chuntas ar thrí leigheas atá ar Shárú Conartha.	2 x 7m (4+3) 1 x 6m (3+3)	20
	Marcanna atá ar fáil		60

Roinn 3

Cuid 2

Fiontraíocht

Ceist 5 Bainistíocht			Uasmharc
(A)	Déan measúnú ar dhá stíl cheannaireachta a bhféadfadh an bainisteoir gnó i nGluaisteáin M6 glacadh leo, agus tabhair cúiseanna le do fhreagra.	2@10m (2+3+3+2) Ainm Mínigh Mínigh Nasc	20
(B)	Pléigh an bealach a mbaineann rialú stoic agus rialú cáilíochta bearta éifeachtúlachta amach do ghnólacht ar nós Gluaisteáin M6.	2 x 10m (4+4+2)	20
(C)	(i) Mínigh an téarma infhiontraíocht. (ii) Tabhair breac-chuntas ar thrí mhodh a d'fhéadfadh an bhainistíocht i ngnó a úsáid chun infhiontraíocht a spreagadh.	5m (2+3) 3 x 5m (2+3)	20
	Marcanna atá ar fáil		60

Ceist 6 Bainistíocht			Uasmharc
(A)	(i) Pléigh trí fheidhm ar bith atá ag Bainisteoir na nAcmhainní Daonna i ngnólacht. (ii) Déan anailís ar an tionchar atá ag an gcianobair ar cheann amháin d'fheidhmeanna Bhainistíocht na nAcmhainní Daonna.	3 x 5m(2+3) 1 x 5m(2+3)	20
(B)	(i) Mínigh an téarma bainistíocht riosca. (ii) Tabhair breac-chuntas ar na bealaí éagsúla a bhféadfadh gnólacht rioscaí a íoslaghdú.	5m(2 +3) 3 x 5m (2+3)	20
(C)	Déan comparáid idir na difríochtaí agus na cosúlachtaí do ghnólachtaí agus do theaghlaigh maidir le cúrsaí cánach. Bain úsáid as trí cinn ar bith de na ceannlínte seo a leanas chun struchtúr a chur ar do fhreagra: Cáin Chorporáide ÍMAT Cáin Ghnóthachan Caipitiúil Cáin Mhaoine Áitiúil (CMÁ)	7 +7 +6 (4 +3) (3+3)	20
Marcanna atá ar fáil			60

Ceist 7 Bainistíocht			Uas. Marc
(A)	(i) Mínigh an téarma Cóimheas Fiachais/Cothromais.	5m (2+3)	25
	(ii) Ríomh an Cóimheas Fiachais/Cothromais do 2021 agus do 2020. Taispeáin an obair a dhéanann tú.	Foirmle 3m 2 x 6m (2,1,1,2)	
	(iii) Déan trácht ar cé acu i bhfeabhas nó in olcas a chuaigh an Cóimheas Fiachais/Cothromais?	5m (2+3)	
(B)	Seachas an Cóimheas Fiachais/Cothromais pléigh na tosca ar cheart do ghnólacht iad a chur san áireamh nuair atá foinse airgeadais á roghnú.	4 x 5m (2+3)	20
(C)	Tabhair breac-chuntas ar an tábhacht a bhaineann le gnólachtaí a bheith i mbun taighde margaidh.	3 x 5m (2+3)	15
	Marcanna atá ar fáil		60

Ceist 8 Gnó i nGníomh			Uasmh arc
(A)	(i) Mínigh an téarma bealach dáileacháin. (ii) Dréachtaigh léaráid de bhealach dáileacháin a d'fhéadfadh Cúram Béil faoin Spotsolas a úsáid. (iii) Tabhair breac-chuntas ar dhá impleacht a bhaineann leis an mbealach dáileacháin sin a úsáid.	5m (2+3) 6m (3+3) 2 x 7m (4+3)	25
(B)	Faoi ghné an táirge den chumasc margaíochta, mínigh na tosca nach mór do ghnólacht a chur san áireamh nuair atá táirge nua nó táirge leasaithe á dhearadh.	3x 5m(2+3)	15
(C)	Tabhair breac-chuntas ar an tuiscint atá agat ar thrí cinn ar bith de na cineálacha fógraíochta seo a leanas atá ar an liosta thíos. Tabhair sampla i ngach cás chun tacú le do fhreagra. 1. Fógraíocht áititheach 2. Fógraíocht fhaisnéiseach 3. Fógraíocht chineálach 4. Fógraíocht iomaíoch.	2 x 7m 1 x 6m (4+3) (3+3)	20
	Marcanna atá ar fáil		60

ROINN 1
(40 marc)
CEISTEANNA GEARRFHREAGRA
NÓTAÍ TACAÍOCHTA

Ceist			Freagraí Féideartha					Uas. Marc
1.			1	2	3	4	5	3,2,2,2,1
			E	A	D	B	F	
2.			EDT (WTO)		An Eagraíocht Dhomhanda Trádála			3,2,2,2,1
			AEA (EMU)		Aontas Eacnamaíoch & Airgeadaíochta			
			GFT (IDA)		An tÚdarás/An Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail			
			IDE (FDI)		Infheistíocht Dhíreach Choigríche/Eachtrach			
			CBT (CAP)		An Comhbheartas Talmhaíochta			
3.	a		Mínigh an téarma Saolré Táirge: Is ionann Saolré an Táirge agus leibhéal na ndíolachán a bhíonn ag táirge ar leith ó cuireadh tús leis/ó cuireadh ar an margadh é go dtí go dtagann meath ar na díolacháin/go dtí deireadh a chuir inmharthanachta ar an margadh. Déantar fás díolacháin an táirge a rianú thar thréimhse ama áirithe , atá roinnte i 5 rannóg; tús, fás, aibíocht, sáithiú agus meath .					10 4m (2+2)
	b		Tabhair breac-chuntas ar dhá mhodh a d’fhéadfadh comhlacht a úsáid chun cur le Saolré Táirge. An Praghas a íslíú: Déanann gnó an praghas a íslíú chun níos mó custaiméirí a mhealladh. An Cainéal Dáileacháin/bealaí dáilte a Athrú: Earraí a dhíol ar líne chun lucht spéise domhanda a mhealladh. Earraí a dhíol trí mhiondíoltóirí/ardáin nua. Gnéithe nua a fhorbairt: Gnéithe nua táirge/íomhá nua/dearadh/úsáid. Tá blasanna nua forbartha ag Coca Cola agus tá an pacáistiú/lipéad ar an táirge leasaithe acu. Cruthaigh forbairtí líne (blasanna/méideanna difriúla). Cur chun cinn: D’fhéadfaí feachtas fógraíochta/teicníc mhargaíochta díolachán a úsáid mar chleasanna a thugann spreagadh don tomhaltóir.					3m + 3m (2+1)
4			Cuir ciorcal thart ar an rogha cheart i ngach ceann de na ráitis seo a leanas. i. ii. iii. iv. v. Maslow Teoiric Y Sóisialta Íseal Féin-Achtáil					3,2,2,2,1

Ceist		Freagraí Féideartha	Uas. Marc							
5.		Dréachtaigh ríomhphost ó Mhaidhc Ó hAnnáin, Bainisteoir Díolacháin, chuig an bhfoireann go léir ag superstores.ie ina dtugtar breac-chuntas ar dhá cheart atá ag custaiméirí faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS).	10							
			5 x 1m							
			3m + 2m							
		<table><tr><td>Faighteoirí:</td><td>staff@superstore.ie ❶</td></tr><tr><td>Ábhar:</td><td>GDPR ❶</td></tr><tr><td></td><td> Dia daoibh ar fad, ❶ Bí ar an eolas, le do thoil, faoi na cearta seo a leanas atá ag ár gcustaiméirí faoi GDPR: - Tá sé de cheart ag custaiméirí cóip de na sonraí pearsanta a choimeádtar a iarraidh. - Tá sé de cheart ag custaiméirí an úsáid a bhaintear as a gcuid sonraí pearsanta a cheistiú - Is gá an t-eolas míchruinn a cheartú. - Caithfear sonraí a scrios má ar iarratas ó chustaiméir. - Ní mór don eolas a bheith inaistrithe. Le dea-ghuí ❶ Mike Hannon ❶ </td></tr><tr><td>Seol</td><td></td></tr></table>	Faighteoirí:	staff@superstore.ie ❶	Ábhar:	GDPR ❶		Dia daoibh ar fad, ❶ Bí ar an eolas, le do thoil, faoi na cearta seo a leanas atá ag ár gcustaiméirí faoi GDPR: - Tá sé de cheart ag custaiméirí cóip de na sonraí pearsanta a choimeádtar a iarraidh. - Tá sé de cheart ag custaiméirí an úsáid a bhaintear as a gcuid sonraí pearsanta a cheistiú - Is gá an t-eolas míchruinn a cheartú. - Caithfear sonraí a scrios má ar iarratas ó chustaiméir. - Ní mór don eolas a bheith inaistrithe. Le dea-ghuí ❶ Mike Hannon ❶	Seol	
Faighteoirí:	staff@superstore.ie ❶									
Ábhar:	GDPR ❶									
	Dia daoibh ar fad, ❶ Bí ar an eolas, le do thoil, faoi na cearta seo a leanas atá ag ár gcustaiméirí faoi GDPR: - Tá sé de cheart ag custaiméirí cóip de na sonraí pearsanta a choimeádtar a iarraidh. - Tá sé de cheart ag custaiméirí an úsáid a bhaintear as a gcuid sonraí pearsanta a cheistiú - Is gá an t-eolas míchruinn a cheartú. - Caithfear sonraí a scrios má ar iarratas ó chustaiméir. - Ní mór don eolas a bheith inaistrithe. Le dea-ghuí ❶ Mike Hannon ❶									
Seol										

Ceist			Freagraí Féideartha	Uas. Marc
6.			Mínigh conas a oibríonn Praghasinnéacs Tomhaltóirí./Innéacs Praghas Tomhaltóirí Déanann an Praghasinnéacs Tomhaltóirí nó CPI an t-athrú iomlán i bpraghas earraí agus seirbhísí a thomhas a cheannaíonn daoine de ghnáth le himeacht ama. Déantar é seo trí thart ar 53,000 praghas a bhailiú gach mí agus iad seo a chur i gcomparáid leis na praghsanna comhfhreagracha ón mhí roimhe sin. Oibríonn an CPI trí thomhas a dhéanamh ar • <u>Comparáid/ Athrú (méadú nó laghdú) ar phraghas earraí/seirbhísí</u> • <u>Ciséan/bascaed/bailiú</u> • <u>Déanann CPI tomhas ar bhoilsciú</u> Is ionann boilsciú agus an lagú a thagann ar chumas do chuid airgid nithe a cheannach Ós rud é go mbíonn dúil difriúil agus nósanna caiteachais dhifriúla ag gach duine, déanann an CPI na praghsanna atá ag réimse ollmhór earraí a thomhas. Ní hamháin go ndéanann an CPI athruithe i bpraghas earraí a thomhas ach déantar amhlaidh le seirbhísí chomh maith m.sh. gruagaireacht, táillí tacaí, árachas srl. Tugtar an bascaed/ciséan earraí agus seirbhísí ar an mbailiúchán earraí seo de ghnáth.	10

Ceist	Freagraí Féideartha	Uas. Marc
8.	Mínigh an téarma cosantas.	
(i)	Mar chuid den chaomhnaitheacht cuirtear bacainní trádála i bhfeidhm ar ghnólachtaí eachtracha chun tionscail inmheánacha/bhaile agus táirgeoirí a chosaint ó iomaíocht eachtrach. Cuireann rialtais nó bloic thrádála bacainní trádála i bhfeidhm mar chuid den chaomhnaitheacht chun srian a chur ar iompórtálacha.	4 (2+2)
(ii)	Tabhair breac-chuntas ar dhá bheart cosantais a úsáideann rialtais/bloic thrádála. Cuóta: is ionann é agus srian/teorainn fhisiciúil ar líon na n-aonad earra is féidir a iompórtáil/a easpórtáil. Cuireann cuótaí in aghaidh iompórtálacha agus/nó spreagann siad díolachán earraí a tháirgtear sa bhaile. Sampla: Tá an tAontas Eorpach tar éis cuóta a chur ar an méid éadaí ón tSín is féidir a iompórtáil isteach san AE. Taraif: is cáin í seo ar luach/praghas na n-earraí a iompórtáiltear. Mar thoradh air sin, beidh iompórtálacha níos costasaí agus ní bheidh siad chomh hiomaíoch ar an margadh baile. Sampla: Cáin, dleacht nó taraif ar mhairteoil na Nua-Shéalainne. Lánchosc: Is toirmeasc iomlán é sin ar iompórtáil earraí ó thír amháin ar leith. Is minic a dhéantar é ar chúiseanna polaitiúla. Sampla: Chuir rialtas Mheiriceá lánchosc ar easpórtáil mairteola na RA mar gheall ar na leibhéil arda einceifealapaite spúinseach bólaíochta (ESB) sa RA. Fóirdheontais: Is deontais agus íocaíochtaí iad sin a dhéanann rialtais náisiúnta le gnólachtaí baile chun cabhrú leo lena gcostais oibriúcháin ó lá go lá ag ligean dóibh a bheith níos iomaíche/chun buntáiste praghaís a thabhairt dóibh ar iompórtálacha. Sampla: Thug an tAontas Eorpach fóirdheontas do thalmhaíocht agus do mhonarú aerárthaí san am atá thart chun iad a chosaint ar iomaíocht iomaíoch neamh-AE. Rialacháin riaracháin: Amhail moilleanna custaim, páipéarachas iomarcach atá saincheaptha chun iompórtálacha a eisiamh.	6 2x3 (2+1)

Ceist		Freagraí Féideartha	Uas. Marc																				
9.		Tá an t-eolas seo a leanas curtha ar fáil ag Pléimeann Teo. • Aschur Réamhaisnéisithe (Díolacháin) 75,000 aonad • Costais Sheasta €55,000 • Praghas díola, €6 an t-aonad • Costais athraitheacha, €2.50 an t-aonad Agus tú baint úsáid as an eolas atá ar fáil thuas, ríomh é seo a leanas: <table> <tr> <th></th><th></th><th>Obair</th><th>Freagra</th></tr> <tr> <td>(a)</td><td>Ioncam Iomlán ag an aschur réamhaisnéisithe</td><td>75000 x 6</td><td>€450,000</td></tr> <tr> <td>(b)</td><td>Costais Táirgthe Iomlána ag an aschur réamhaisnéisithe</td><td>Costais Athraitheacha C + Socraithe 55,000 + (75,000x2.5)</td><td>€ 242,500</td></tr> <tr> <td>(c)</td><td>Brabús ag an aschur tuartha</td><td>Ioncam Iomlán - Costais Iomlána 450,000-242,500</td><td>€207,500</td></tr> <tr> <td>(d)</td><td>An pointe meá ar mheá (PMM) in aonaid (Ní gá cairt mheá ar mheá a tharraingt)</td><td> $\frac{FC}{CPU}$ $\frac{55,000}{3.5}$ </td><td> 15,714.2 Glac le 15,714.2.. <u>NÓ</u> 15,714 <u>NÓ</u> 15,715 </td></tr> </table>			Obair	Freagra	(a)	Ioncam Iomlán ag an aschur réamhaisnéisithe	75000 x 6	€450,000	(b)	Costais Táirgthe Iomlána ag an aschur réamhaisnéisithe	Costais Athraitheacha C + Socraithe 55,000 + (75,000x2.5)	€ 242,500	(c)	Brabús ag an aschur tuartha	Ioncam Iomlán - Costais Iomlána 450,000-242,500	€207,500	(d)	An pointe meá ar mheá (PMM) in aonaid (Ní gá cairt mheá ar mheá a tharraingt)	$\frac{FC}{CPU}$ $\frac{55,000}{3.5}$	15,714.2 Glac le 15,714.2.. <u>NÓ</u> 15,714 <u>NÓ</u> 15,715	10 3,3,2,2
		Obair	Freagra																				
(a)	Ioncam Iomlán ag an aschur réamhaisnéisithe	75000 x 6	€450,000																				
(b)	Costais Táirgthe Iomlána ag an aschur réamhaisnéisithe	Costais Athraitheacha C + Socraithe 55,000 + (75,000x2.5)	€ 242,500																				
(c)	Brabús ag an aschur tuartha	Ioncam Iomlán - Costais Iomlána 450,000-242,500	€207,500																				
(d)	An pointe meá ar mheá (PMM) in aonaid (Ní gá cairt mheá ar mheá a tharraingt)	$\frac{FC}{CPU}$ $\frac{55,000}{3.5}$	15,714.2 Glac le 15,714.2.. <u>NÓ</u> 15,714 <u>NÓ</u> 15,715																				

Ceist		Freagraí Féideartha	Uas. Marc
10.		Déan idirdhealú idir iompórtálacha sofheicthe agus ionadú iompórtálacha. Tabhair samplaí chun tacú le do fhreagra. Is <u>earraí fisiciúla</u> iad iompórtálacha sofheicthe atá ceannaithe ag tomhaltóirí Éireannacha nó ag gnólachtaí Éireannacha ó <u>tháirgeoirí atá bunaithe go hidirnáisiúnta (bunaithe i dtíortha iasachta)</u>. Mar shampla Caife a iompórtáiltear go hÉirinn ón mBrasaíl ach Déanann ionadaíocht táirgí tagairt do <u>tháirgeoir inmheánach atá ag tosú ar tháirge a tháirgeadh a iompórtáladh cheana féin ó tháirgeoir eachtrach. Mar shampla Comhlacht Éireannach atá ag tosú ar chineál prátaí a fhás a iompórtáladh cheana.</u>	10 (3+2) (3+2)

Ceist	Freagraí Féideartha	Uas. Marc
11.	Tabhair breac-chuntas ar dhá bhealach chun drochfhiacha gnólachta a íoslaghdú. Déan seiceáil ar chreidiúnacht na bhFéichiúnaithe ar fad: Sula ndéanfar aon phlé le custaiméirí nua, ní mór do ghnólachtaí a bheith stuama agus an cúlra a bhaineann leo a sheiceáil, m.sh. tagairtí bainc, tagairtí trádála, biúró creidmheasa, rátáil chreidmheasa, srl. Teorainneacha oiriúnacha creidmheasa agus tréimhsí creidmheasa oiriúnacha a shocrú/Téarmaí agus coinníollacha soiléire a leagan amach: An méid creidmheasa a rialú agus a chinntiú go ndéantar íocaíochtaí a íoc in am m.sh. teorainn chreidmheasa €5,000 agus srian ama mí amháin le haghaidh íocaíocht ar bith. Polasaí maidir le híocaíochtaí déanacha/íocaíochtaí páirteacha Ní mór do ghnólacht pionóis a ghabhann le híocaíochtaí déanacha a aontú le custaiméirí roimh ré, m.sh. ús a ghearradh ar chuntais thar téarma. Tabharfaidh sé seo spreagadh do chustaiméirí a gcuid a íoc in am. Riarachán/ bealach/cainéil chumarsáide shoiléire Córas éifeachtúil riaracháin a bheith i bhfeidhm ina gcuirtear sonraisc ar fáil, go ndéantar éilimh íocaíochta agus glaonna fóin agus cuairteanna ina dhiaidh sin leis an íocaíocht a chinntiú. Meabhrúcháin a bheith socraithe chun custaiméirí atá ag druidim le deireadh a dtréimhse/a dteorainn chreidmheasa a chur ar an eolas. Lascaíní Árachas drochfhiacha^a Airgead tirim amháin	10 5+5 (3 + 2)

Ceist		Freagraí Féideartha		Uas. Marc																																
12.		Ainm: Kellie Ní Mhurchú		(4,4,2)																																
<table><tr><td></td><td></td><td>€</td><td>€</td></tr><tr><td>Pá Comhlán</td><td></td><td></td><td>42,600</td></tr><tr><td>Asbhaintí</td><td></td><td></td><td></td></tr><tr><td>ÍMAT</td><td>7,360</td><td></td><td></td></tr><tr><td></td><td>2,320</td><td>9680 ④</td><td></td></tr><tr><td>Creidmheasanna cánach</td><td>1700</td><td></td><td></td></tr><tr><td></td><td>1700</td><td>3400 ④</td><td></td></tr><tr><td>ÍMAT Dlite</td><td></td><td>6280 ②</td><td></td></tr></table>							€	€	Pá Comhlán			42,600	Asbhaintí				ÍMAT	7,360				2,320	9680 ④		Creidmheasanna cánach	1700				1700	3400 ④		ÍMAT Dlite		6280 ②	
		€	€																																	
Pá Comhlán			42,600																																	
Asbhaintí																																				
ÍMAT	7,360																																			
	2,320	9680 ④																																		
Creidmheasanna cánach	1700																																			
	1700	3400 ④																																		
ÍMAT Dlite		6280 ②																																		
<u>Oibriú/Miondealú marcanna</u>																																				
ÍMAT Comhlán 36,800 x0.20 = 7,360 ① larmhéid = (42,600-36,800) = 5,800 ① <u>scáthaithe</u> 5,800x0.40 = 2,320 ① ÍMAT COMHSHLÁN IOMLÁN = 9,680 ① 4 mharc <u>Figiúirí féin</u>																																				
Creidmheasanna cánach 1700+1700 = 3,400 ④ Bronn 2 mharc má bhaineann iarrthóir úsáid as ‘1700’ amháin 4 mharc																																				
ÍMAT Dlite 9,680 – 3400 = €6280 ② 2 mharc <u>Freagra ceart Amháin</u>																																				

ROINN 2

(80 marc)

Ceist ar an nGnó Fheidhmeach

Píotsa Mhaidhc

(NÓTAÍ TACAÍOCHTA)

- (A) Tabhair breac-chuntas ar na straitéisí éagsúla is féidir a úsáid chun athruithe a bhainistiú. Bíodh tagairt agat don téacs i do fhreagra.

Ceist	Freagraí Féideartha	Uas. Marc
(A)	1. Oiliúint agus Forbairt: - Is gá go mbeadh oiliúint ag an bhfoireann i gcúrsaí bainistíochta agus in úsáid teicneolaíochtaí nua chun éifeachtúlacht a bhaint amach agus chun seirbhís níos fearr a chur ar fáil do chustaiméirí. - Cuireann an oiliúint le cumas na foirne déileáil le himní na foirne maidir le hathruithe nua agus déanann í a mhaolú. “Cuireadh oiliúint ar na fostaithe sna córais nua, i rianú teagmhálaithe agus sna treoirlínte nua sláinte agus sábháilteachta.” 2. Obair foirne: - Nuair a dhéantar fostaithe a roinnt i bhfoirne éagsúla, d’fhéadfadh plé, nuálaíocht agus athrú a bheith mar thoradh air. Cuireann an obair foirne le taithí na foirne ar an athrú. - D’fhéadfadh sé go maolódh sé seo an drogall i leith na n-athruithe a chuireann an bhainistíocht i bhfeidhm. “Bunaíodh foireann bheag chun oibriú ar an tionscadal sin.” 3. Duaiseanna/Luach Saothair/Peorcáisí (incentives) - Trí dhuaiséanna a thabhairt d’fhostaithe, bíonn tionchar agat ar a gcuid iompair agus iad ag iarraidh na duaiseanna/luach saothar sin a bhaint amach. - Seans go mbeadh scéim roinnte bradúis ar cheann de na duaiseanna, ionas go spreagfar fostaithe chun oibre mar go mbainfidís sciar áirithe den bhrabús sin amach. “D’éirigh thar barr leis an trucail bhia, agus bhí corrlach iontach ó shamhail ghnó an ‘beir leat’.” Cuimhnigh nach féidir ach aon úsáid AMHÁIN a bhaint as nasc i rannóg ar bith. 4. Déan cumarsáid leis an bhfoireann mar gheall ar na hathruithe. - Ba cheart don bhainistíocht an gá atá leis na hathruithe seo a mhíniú chomh maith leis na hiarmhairtí a bheadh i gceist mura gcuirfí i bhfeidhm iad le cinntiú go maireann an	3@10(4+3+3)

		comhlacht. Ní mór don chumarsáid a bheith ionraic agus oscailte. - Ba cheart na buntáistí a bhaineann leis an athrú a mhíniú don fhoireann. Déanfaidh sé seo an teannas agus an éiginnteacht i measc fostaithe a laghdú. “Chuaigh an bhainistíocht i muinín a gcuid fostaithe ansin chun cuidiú a fháil le cruth a chur ar na hathruithe.” <u>NÓ</u> “Ag <u>cruinniú</u>, mhol na fostaithe an biachlár a laghdú agus haistí nua do bhia ‘beir leat’ a chruthú san ionad gnó.” <u>NÓ</u> “Mhol cócaire i mbialann Phort Láirge gur cheart dóibh truail bhia a fháil do mhargaí áitiúla.” <u>NÓ</u> “Bhí imní ar na fostaithe faoi na hathruithe nua i dtús ama, agus tuirseach díobh.” 5. Comhairliúchán leis an bhfoireann: I took out staff suggestions - Bíonn ionchur na foirne á lorg ag an mbainistíocht maidir leis na hathruithe. Tá cead ag an bhfoireann a gcuid tuairimí a thabhairt maidir leis an athrú. Déanann sé seo drogall a mhaolú de réir mar a chuireann an fhoireann cruth ar na hathruithe. - Mar thoradh air seo, bíonn seans níos mó ann go nglacfaidh an fhoireann leis na hathruithe a mholann an bhainistíocht. “Chuaigh an bhainistíocht i muinín a gcuid fostaithe ansin chun cuidiú a fháil le cruth a chur ar na hathruithe.” <u>NÓ</u> “Ag <u>cruinniú</u>, mhol na fostaithe an biachlár a laghdú agus haistí nua do bhia ‘beir leat’ a chruthú san ionad gnó.” <u>NÓ</u> “Mhol cócaire i mbialann Phort Láirge gur cheart dóibh truail bhia a fháil do mhargaí áitiúla.” <u>Nóta míniúcháin: Cumarsáid vs comhairliúchán</u> Cumarsáid = malartú faisnéise Bíonn baint ag na naisc leis an malartú faisnéise idir an bhainistíocht agus an fhoireann nó déanann siad tagairt don tslí a dtéann páirtí amháin i mbun cumarsáide. Comhairliúchán = cumarsáid ar leith d’fhonn ionchur a fháil ó fhostaithe. Ní mór don nasc tagairt a dhéanamh don phróiseas a bhaineann le smaointe a bhailiú (cruinniú) nó toradh an chruinnithe seo (moltaí) Cuimhnigh nach féidir ach aon úsáid AMHÁIN a bhaint as nasc i rannóg ar bith. 6. Cur chuige éascaitheora don bhainistíocht:	3@10(4+3+3) Straitéis Míniigh Nasc
--	--	--	--

(B) Déan measúnú ar an dá mhodh leathnaithe ar bhain Píotsa Mhaidhc leas astu. (20)

Ceist		Freagraí Féideartha	Uas. Marc
(B)		1. Fairsingiú orgánach / Fás Inmheánach / Díolacháin a mhéadú go himmheánach / Éagsúlú / (siopa nua a oscailt - táirge nua a fhorbairt) - An tslí is nádúrtha le gnó a fhorbairt ná díolacháin a mhéadú go himmheánach trí tháirgí nua a fhorbairt nó trí fhairsingiú a dhéanamh trí shiopa nua a oscailt srl. - Baineann níos lú riosca leis an bhfairsingiú orgánach i gcomparáid le fairsingiú neamhorgánach. Nasc don téacs “Tá an gnó tar éis leathnú trí dhá bhialann nua a oscailt i gCorcaigh agus i bPort Láirge.” Nó “D’éirigh thar barr leis an truail bhia, agus bhí corrlach iontach ó shamhail ghnó an bhia ‘beir leat’.” 2. Saincheadú - Is éard is brí leis seo ná nuair a cheadaíonn úinéir gnó d’fhiontraithe an múnla gnó aige/aici a úsáid mar mhalairt ar tháille roimh ré agus mar chéatadán den bhrabús. - Tugtar an saincheadúnóir ar an úinéir gnó, agus is saincheadúnaithe iad na fiontraithe a osclaíonn an leagan den ghnó. - Déanann an saincheadúnóir rialacháin dhaingne a leagan amach agus is gá don saincheadúnaí na rialacháin agus na rialacha ar fad a leanúint. Nasc chuig an téacs “Bheartaigh Mike an gnó agus an branda a fhorbairt trí shaincheadú. Reáchtáil sé próiseas dian grinnfhiosrúcháin.” “Roghnaigh sé beirt saincheadúnaithe chun bialanna nua a oscailt i nGaillimh agus i gCill Dara faoi shamhail ghnó an tsaincheadúnais.” “Lorgaíodh comhairle dlí lena chinntiú go raibh na nósanna imeachta, na rialacháin, na táillí agus cúrsaí brabúis soiléir ina chomhaontú saincheadúnais.” Luach 2 mharc ar Mheastóireacht Fhoriomlán nó 2 x 1m Meastóireachtaí ar fhairsingiú orgánach agus ar shaincheadú leo féin.	20 2@10 (3+3+3, 1) Ainm Mínigh Nasc Measúnai gh

(C) Pléigh na freagrachtaí sóisialta atá ar Phíotsa Mhaidhc i leith a chuid páirtithe leasmhara.
(30 marc)

Ceist		Freagraí Féideartha	Uas. Marc
(C)	(i)	1. Infheisteoirí: - Ní mór do ghnó a bheith ionraic agus oscailte d'infheisteoirí i gcónaí. Ní mór do ghnó léargas cruinn agus cothrom d'fheidhmíocht airgeadais agus de sheasamh an ghnó a léiriú. Tá sé de dhualgas ar an ngnó taifid chruinne a choimeád. - Ní mór don ghnó brabús réasúnta a chur ar fáil ar an infheistíocht. “Tá an-tábhachtach ag baint le caidrimh a chruthú le daoine agus fairsingiú á mhaoiniú.” “Coinníonn Maidhc i dteagmháil lena chuid infheisteoirí go hoscailte agus go rialta.” 2. Fostaithe: - Tá freagracht ar úinéirí gnó agus ar an mbainistíocht pá cothrom a íoc lena bhfoireann. Is gá go n-íocfaí an pá íosta ar a laghad le fostaithe agus tá sé riachtanach go dtabharfaí pá dóibh a thugann léiriú cruinn ar an obair atá déanta agus ar cháilíochtaí agus scileanna na bhfostaithe. - Ní mór don ghnó timpeallacht oibre shábháilte agus shláintiúil a chinntiú - Ba cheart go gcloífeadh an láthair oibre le caighdeáin dhlíthiúla agus mhorálta. “Bhí ganntanas foirne ag cur as do mhórán dá chuid iomaitheoirí, ach tharraing ‘Píotsa Mhaidhc’ chucu foireann oibrithe atá dílis agus díograiseach, agus choinnigh siad.” 3. Custaiméirí/Tomhaltóirí: - Ní mór don ghnó táirgí ardchaighdeáin a chur ar fáil ar phraghsanna réasúnta. Ní mór don ghnó cloí le reachtaíocht tomhaltóirí agus níor cheart dóibh tomhaltóirí a chur amú maidir le táirge/seirbhís. Ní mór don phraghas/fhógraíocht a bheith cruinn agus oiriúnach don lucht féachana ar a bhfuil sé dírithe. - Dul i ngleic le gearáin i mbealach cothrom agus cur chuige sásúil gearán a chur ar fáil do chustaiméirí. Ní mór don ghnó seirbhís i ndiaidh an díola a chur ar fáil. “Reáchtálann sé comórtais ar na meáin shóisialta freisin chun luach saothair a thabhairt dá chustaiméirí a chuireann in iúl gur maith leo an t-ábhar a phostálann sé, agus a roinneann é.” NÓ	30 3@9m (3+3+3) Páirtí Leasmhar Freagracht Nasc

		“Cuir Maidhc béim freisin ar amhábhair orgánacha ar ardchaighdeán a aimsiú.” 4. Soláthraithe: • Na conarthaí a aontaítear a chomhlíonadh. Íocaíochtaí a spreagadh laistigh den am a aontaítear. Gan aon bhrú/strus. Lean na nósanna imeachta a bhaineann le tairiscintí a lorg nuair is gá. Ní mór don ghnó praghas cothrom a íoc agus a bheith eiticiúil san idirbheartaíocht. “Cuir Maidhc béim freisin ar amhábhair orgánacha ar ardchaighdeán a aimsiú.” NÓ “Déanann se iarracht i gcónaí a chuid comhábhar a fháil ó tháirgeoirí inbhuanaithe.” 5. Rialtas: • Íoc na cánacha ar fad nuair a bhíonn siad dlite ÍMAT, CBL agus Cáin Chorporáideach. Cloígh le reachtaíocht áirithe (i.e. dlí fostaíochta, dlí timpeallachta, dlí comhlachta, dlí tomhaltóra srl.) • Bain úsáid as an airgeadas rialtais a chuirtear ar fáil mar a bhí beartaithe (Deontais). Comhoibrigh le ranna agus le gníomhaireachtaí rialtais. “D’éirigh thar barr leis an truail bhia, agus bhí corrlach iontach ó shamhail ghnó an ‘beir leat’.”	
--	--	--	--

(C) (ii) Déan anailís ar impleacht amháin do Mhaidhc a bhaineann leis an ngnólacht a bheith ag comhlíonadh a fhreagrachtaí sóisialta. (30 marc)

Ceist		Freagraí Féideartha	Uas. Marc
(C)	(ii)	Costais táirgthe níos airde D'fhéadfadh costais ní b'airde a bheith i ndán do ghnólachtaí a dhéanann táirgí inbhuanaithe a tháirgeadh mar gheall go ndéantar fostaithe a íoc go cothrom agus go dtugtar praghas cothrom ar ábhair srl. Ní mór oiliúint a chur ar fáil Ní mór oiliúint rialta foirne a chur ar fáil le cinntiú go dtuigeann fostaithe a gcuid freagrachtaí sóisialta sa ghnólacht. Laghdaíonn an oiliúint seo táirgiúlacht mar gheall nach mbíonn fostaithe ag obair i rith an ama seo. Níos éasca infheisteoirí a mhealladh Ní dhéanfaidh infheisteoirí áirithe infheistiú i ngnólachtaí ach amháin má dhéanann siad a gcuid freagrachtaí eiticiúla, sóisialta agus timpeallachta a chomhlíonadh. Tá níos mó comhlachtaí infheistíochta anois ná riamh ar an eolas faoin díobháil a d'fhéadfaí a dhéanamh dá gcáil agus is mian leo scannal a sheachaint. Earcaíocht agus coinneáil Bíonn buntáiste ag comhlachtaí a chaitheann go cothrom lena gcuid fostaithe agus a mbíonn iompar eiticiúil á léiriú acu mar nach mbíonn orthu an fhoireann a athrú go rialta. Laghdaíonn sé seo an costas a bhaineann le hearcaíocht agus oiliúint. Fanann fostaithe i gcomhlachtaí eiticiúla de ghnáth agus bíonn sé níos éasca ar na comhlachtaí sin fostaithe nua a mhealladh. Dílseacht na gCustaiméirí Tá tomhaltóirí ar an eolas anois níos mó ná mar a bhí riamh ar an tionchar a bhíonn ag a gcuid cinntí ceannaigh. Tá caighdeán níos airde á n-éileamh ag custaiméirí ó chomhlachtaí anois níos minice ná mar a bhí riamh, agus tá comhlachtaí ar an eolas faoin bhuntáiste a bhaineann le bheith freagrach go sóisialta. Bíonn custaiméirí an-dílis ag comhlachtaí atá freagrach go sóisialta. Brabúis Mhéadaithe Má chloíonn gnó leis an bhfreagracht shóisialta acu d'fhéadfaidís caidreamh poiblí dearfach a ghnóthú, a d'fhéadfadh an gnó a chur chun cinn, rud a dhéanadh díolacháin a mhéadú. Beidh brabúis níos airde don ghnó mar thoradh ar an ardú seo ar an ioncam ó dhíolacháin. Riachtanais reachtaíochta Trí fhreagrachtaí áirithe sóisialta a chomhlíonadh, déanfar riachtanais reachtaíochta a chomhlíonadh chomh maith, an pá íosta mar shampla. Ós rud é go mbíonn an gnó ag cloí le dlíthe, seachnaíonn siad fiosrúcháin agus pionóis.	1@3m

Roinn 3 (180 marc)

Freagair trí cheist as Roinn 3 mar a leanas:

Ceist **Amháin** as **Cuid 1**, Ceist **Amháin** as **Cuid 2** agus ceist **Amháin** eile as **Cuid 1** nó as **Cuid 2**. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

Cuid 1 Daoine sa Ghnó / Timpeallacht Ghnó Ceist 1.

- (A) (i) Mínigh an téarma **ceardchumann**.
(ii) Léirigh an tionchar a bhíonn ag díospóidí trádála ar thrí cinn ar bith de na páirtithe leasmhara. (20)

Ceist		Freagraí Féideartha		Uas. Marc
1	(A)	(i)	Is eagraíocht d' fhostaithe é an cearrchumann a chosnaíonn agus a chuireann leas a cuid ball chun cinn maidir le ceisteanna ar nós pá agus coinníollacha oibre , go háirithe le linn idirbheartaíochta le fostóirí. Íocann fostaithe síntiús le bheith mar bhall de cheardchumann. An aidhm atá ag an gceard chumann ná cúrsaí pá agus coinníollacha a chosaint agus a fheabhsú dá gcuid ball.	20 5m (2+3)
		(ii)	<u>Soláthraithe:</u> Tagann laghdú ar dhíolacháin agus ar bhrabúsacht do sholáthraithe de réir mar a bhíonn an gnó dúnta ar feadh tréimhse ama. i.e. déanfaidh an gnó níos lú amhábharr a ordú le linn tréimhse ghníomhaíochta tionscail ar nós stailc. <u>Rialtas:</u> Laghdú ar ioncam cánach. Gheobhaidh an rialtas níos lú ioncam cánach ó ÍMAT agus CBL nuair a bhíonn gnó ar stailc. <u>Tomhaltóirí:</u> Seans nach mbeadh tomhaltóirí in ann earraí agus seirbhísí a cheannach mar gheall ar ghníomhaíocht tionsclaíoch. Chuirfeadh sé seo isteach ar dhaoine mar gheall ar chailliúint seirbhíse/mar gheall nach féidir teacht ar tháirgí. B'fhéidir go gcinneadh an tomhaltóir an táirge a cheannach ó iomaitheoir. <u>Fostaithe:</u> Fad is a bhíonn aighneas tionsclaíoch ar bun, d'fhéadfadh laghdú teacht ar phá na bhfostaithe agus d'fhéadfadh tionchar a bheith ag an aighneas ar shlándáil poist. <u>Infheisteoirí:</u> D'fhéadfadh laghdú teacht ar dhíbhiní i gcás infheisteoirí mar gheall ar bhrabúsacht laghdaithe le linn na gníomhaíochta tionsclaíche. <u>Fostóir:</u> D'fhéadfadh gníomhaíocht tionsclaíoch damáiste a dhéanamh do chlú an ghnó agus d'fhéadfadh laghdú teacht ar dhíolacháin agus ar bhrabúsacht dá bharr.	3 x 5m (2 + 3)

- (B) Tabhair breac-chuntas ar na modhanna neamhrechtacha atá ann chun díospóidí maidir le caidreamh tionsclaíoch a réiteach. (15)

Ceist		Freagraí Féideartha	Uas. Marc
1	(B)	Cruinniú/Caint: D'fhéadfadh an fostaí agus an fostóir bualadh le chéile leis an gceist a phlé agus iarracht a dhéanamh an fhadhb a réiteach. B'fhéidir go mbuailfeadh maor an tsiopa leis an mbainisteoir Acmhainní Daonna chun ceist a phlé atá ag cur isteach ar fhostaí nó ar ghrúpa fostaithe. Idirbheartaíocht/Margáil Is féidir leis an dá pháirtí teacht ar chomhréiteach/úsáid a bhaint as argóintí freagartha le teacht ar réiteach. Idirghabháil Tarraingítear an tríú páirtí isteach agus déanann siad iarracht cumarsáid a spreagadh idir na páirtithe ar fad atá bainteach leis an aighneas. Idir-réiteach Tarraingítear an tríú páirtí isteach agus déanann siad iarracht cumarsáid a spreagadh idir na páirtithe agus b'fhéidir go ndéanfaidís moladh a bhféadfadh na páirtithe machnamh a dhéanamh air leis an aighneas a réiteach. Aontaíonn na páirtithe ar réiteach iad féin. Eadránaí Is féidir leis an tríú páirtí neamhspleách éisteacht le dhá thaobh an aighnis agus moladh a thabhairt ansin. De ghnáth, aontaíonn na páirtithe roimh ré go nglacfaidh siad leis an moladh. Is féidir leis an eadráin a bheith dénártha nó neamh-dhénártha.	15 3 x 5m (2+3)

- (C) (i) Sainmhínigh an téarma **idirdhealú/leithcheal** faoi mar a leagtar amach é san Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2015.
- (ii) Déan liosta de **chúig** fhoras ar a bhfuil an t-idirdhealú toirmiscithe faoin Acht um Chomhionannas Fostaíochta.
- (iii) Tabhair breac-chuntas ar an ról atá ag an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre maidir le cásanna idirdhealaithe a réiteach a réiteach.

Ceist			Freagraí Féideartha	Uas. Marc
1	(C)	(i)	Deirtear go bhfuil idirdhealú/leithcheal déanta ar fhostaí má chaitear leis nó léi <u>i mbealach níos diúltaí/an cóir is lú fábhhar ná mar a chaitear, mar a caitheadh nó mar a chaithfí le duine eile</u> (i gcás comparáideach ar cheann ar bith de na naoi gcúis ar leith.)	25 (3+3)
		(ii)	Déan liosta de chúig fhoras ar a bhfuil an t-idirdhealú toirmiscithe faoin Acht um Chomhionannas Fostaíochta. • Stádas sibhialta (pósta) • Stádas teaghlaigh • Claonadh gnéis/gnéasach • Reiligiún • Aois • Cine • Ball den Lucht Siúil/taisteal • Inscne • Míchumas	3.3.2. 2.2m
		(iii)	Tabhair breac-chuntas ar an ról atá ag an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre maidir le cásanna idirdhealaithe a réiteach a réiteach. Idirghabháil:/ if conciliation to go in its is idir-réiteach Is féidir leis an WRC fiosrúchán a dhéanamh ar chás idirdhealaithe/leithcheal trí Oifigeach Idirghabhála Comhionannais a cheapadh a bhíonn ag plé leis an gcás i mbealach síochánta. Idirghabhálaí Comhionannais, a chabhraíonn leis an dá pháirtí teacht ar réiteach inghlactha. Déantar idirghabháil le hiarracht a dhéanamh teacht ar chomhaontú idir na páirtithe. Ag deireadh na hidirghabhála, déanann an dá thaobh an comhaontú a shíniú atá ina cheangal de réir dlí ionas go mbíonn ar an dá thaobh cloí le téarmaí an chinnidh. Déantar an idirghabháil go príobháideach agus ní fhoilsítear an comhaontú. Breithiúnas:/breithniú/ if arbitration is to go in it is eadráin Sa chás nach dtagann tú ar chomhaontú tríd an idirghabháil is féidir leat iarratas a dhéanamh go ndéanadh oifigeach breithniúcháin do chás a fhiosrú. Éistean an t-oifigeach breithniúcháin le cás agus déanann cinneadh ar an aighneas atá ina cheangal de réir dlí. Ní ghlactar le cóid chleachtais.	7m 4m (2+2) 3m (2+1)

Ceist 2

(A) Déan ceann **amháin** de na cineálacha comhlachtaí teoranta seo a leanas a mheasúnú mar rogha úinéireachta gnó.

(i) Comhlacht Príobháideach faoi Theorainn Scaireanna (comhlacht TEO.).

nó

(ii) Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe (DAC i mBéarla) – **(20)**

Ceist		Freagraí Féideartha	Uas. Marc														
2	(A)	Tá foráil san Acht go gcruthófar dhá chineál comhlachta teoranta príobháidigh - Cuideachta faoi theorainn scaireanna (TEO) - bítear ag súil gurb iad seo na comhlachtaí is mó a mbaintear úsáid astu; agus - Cuideachta gníomhaíochta ainmnithe (DAC) - tá siad seo níos cosúla le comhlachtaí teoranta príobháideacha reatha Léargas ar Ghnéithe <table><tr><td>Cuideachta faoi Theorainn Scaireanna (TEO)</td><td>Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe (DAC)</td></tr><tr><td>Caithfear críochnú leis an iarmhír Teoranta nó TEO</td><td>Caithfear críochnú leis an iarmhír Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe nó DAC</td></tr><tr><td>1 stiúrthóir ar a laghad</td><td>2 stiúrthóir ar a laghad</td></tr><tr><td>1 - 149 scairshealbhóir</td><td>1 - 149 scairshealbhóir</td></tr><tr><td>Ní gá CGB a reáchtáil</td><td>Is gá CGB a reáchtáil</td></tr><tr><td>Níl scairchaipiteal údaraithe riachtanach: Níl teorainn ar bith le líon na scaireanna ar féidir leis a eisiúint.</td><td>Tá scairchaipiteal údaraithe riachtanach</td></tr><tr><td>Airteagail Chomhlachais amháin: Ní bheidh foráil chuspóirí ar bith ag an gcáipéis seo mar sin ní bheidh teorainn ar an gcomhlacht maidir leis an méid is féidir leis a dhéanamh.</td><td>Meamram agus Airteagail Chomhlachais Acmhainn teoranta go dtí an fhoráil chuspóirí sa Mheamram</td></tr></table> Baineann an méid seo a leanas leis an dá chineál comhlachtaí teoranta; Dlíteanas Teoranta: Bíonn scairshealbhóirí i gComhlacht Príobháideach Teoranta faoi dhlíteanas teoranta. Ciallaíonn sé seo nach mbíonn na scairshealbhóirí faoi dhlíteanas pearsanta agus nach féidir leo ach an méid a bhí sa bhuninfheistíocht acu a chailliúint, má theipeann ar an ngnó. Níos éasca caipiteal a ardú: Tá an cumas a bhaineann le caipiteal a mhéadú trí scaireanna a dhíol le huasmhéid 149 scairshealbhóir ar cheann de na príomhbhuntaistí a bhaineann leis an struchtúr atá ag comhlacht príobháideach teoranta.	Cuideachta faoi Theorainn Scaireanna (TEO)	Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe (DAC)	Caithfear críochnú leis an iarmhír Teoranta nó TEO	Caithfear críochnú leis an iarmhír Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe nó DAC	1 stiúrthóir ar a laghad	2 stiúrthóir ar a laghad	1 - 149 scairshealbhóir	1 - 149 scairshealbhóir	Ní gá CGB a reáchtáil	Is gá CGB a reáchtáil	Níl scairchaipiteal údaraithe riachtanach: Níl teorainn ar bith le líon na scaireanna ar féidir leis a eisiúint.	Tá scairchaipiteal údaraithe riachtanach	Airteagail Chomhlachais amháin: Ní bheidh foráil chuspóirí ar bith ag an gcáipéis seo mar sin ní bheidh teorainn ar an gcomhlacht maidir leis an méid is féidir leis a dhéanamh.	Meamram agus Airteagail Chomhlachais Acmhainn teoranta go dtí an fhoráil chuspóirí sa Mheamram	20
		Cuideachta faoi Theorainn Scaireanna (TEO)	Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe (DAC)														
		Caithfear críochnú leis an iarmhír Teoranta nó TEO	Caithfear críochnú leis an iarmhír Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe nó DAC														
		1 stiúrthóir ar a laghad	2 stiúrthóir ar a laghad														
		1 - 149 scairshealbhóir	1 - 149 scairshealbhóir														
		Ní gá CGB a reáchtáil	Is gá CGB a reáchtáil														
		Níl scairchaipiteal údaraithe riachtanach: Níl teorainn ar bith le líon na scaireanna ar féidir leis a eisiúint.	Tá scairchaipiteal údaraithe riachtanach														
		Airteagail Chomhlachais amháin: Ní bheidh foráil chuspóirí ar bith ag an gcáipéis seo mar sin ní bheidh teorainn ar an gcomhlacht maidir leis an méid is féidir leis a dhéanamh.	Meamram agus Airteagail Chomhlachais Acmhainn teoranta go dtí an fhoráil chuspóirí sa Mheamram														
		3 x 6m (3+3)															
		Measúnú 2m															

			Eintiteas dlíthiúil ar leith: Déantar an gnólacht nuathionscanta a chorprú agus bíonn sainiúlacht dhlíthiúil ar leith aige de réir an dlí, a chiallaíonn gur féidir leis an dlí a chur ar dhaoine agus gur féidir an dlí a chur air ina a ainm féin chomh maith le cur isteach ar chonarthaí gnó. D'fhéadfadh sé seo a bheith tábhachtach i gcás paitinne a chosnaíonn an gnólacht nuathionscanta ó iomaitheoirí aithrise. Leanúnachas beithsine: /éiseadh leanúnachas Tá an comhlacht neamhspleách óna chuid úinéirí go dlíthiúil agus is féidir leis fanacht ina bheatha i ndiaidh bás geallsealbhóra. Buntáistí eile: Réimse cumais níos leithne/ Rátáil creidiúnaithe níos fearr ó bhainc ná ó chomhpháirtíochtaí agus trádálaithe aonair/speisialtóireacht níos mó, srl. Cáin Mar chomhlacht, déantar Cáin Chorporáideach a íoc ar bhrabúis. Tá sé seo níos ísle ná an cháin ioncaim a íocfaí i gcás duine féinfhostaithe (trádálaí aonair). Ciallaíonn sé seo go mbíonn níos mó den bhrabús ar fáil i ndiaidh na cánach le cur ar ais isteach sa ghnó nó le híoc le scairshealbhóirí mar dhíbhinn.	
--	--	--	---	--

- (B) Pléigh an bealach a bhféadfadh Rialtas na hÉireann timpeallacht dhearfach a chruthú do ghnólachtaí amhail Seacláidí Braw. Úsáid samplaí chun do fhreagra a léiriú. (20)

Ceist		Freagraí Féideartha	Uas. Marc
2	(B)	Deontais Rialtais/Tacaíocht don Lucht Oibre le linn Covid 19 - Tacaíochtaí rialtais ar nós tacaíochtaí íocaíochta d'fhostaithe. Is féidir leis seo cabhrú le gnólachtaí leibhéal foirne agus costais laghdaithe pá a choimeád in airde le linn na paindéime. - Thairg an rialtas tacaíochtaí airgeadais (tacaíonn gnóthais le hiasachtaí ó €25,000 suas go dtí €1.5 milliún le huasráta úis 4%.) do ghnólachtaí a ndeachaigh Covid 19 i bhfeidhm orthu. - D'fhéadfadh Braw iarratas a dhéanamh ar an rialtas le tacaíocht airgeadais a lorg le linn phaindéim Covid 19. Caiteachas caipitil a mhéadú : - D'fhéadfadh an rialtas caiteachas caipitil ar bhonneagar, scoileanna, ospidéal etc. a mhéadú. Déanfaidh sé seo poist agus éileamh tomhaltóra a chruthú agus cuirfear le díolacháin ghnó dá bharr. - Tiocfaidh méadú ar na díolacháin ag gnó ar nós Seacláid Braw nuair a bhíonn leibhéil arda fostaíochta ann go háitiúil. Gníomhaireachtaí Stáit an Rialtais - Glac le gníomhaireacht stáit ar leith a luaitear agus an tseirbhís a bhféadfadh Braw cur isteach uirthi. - Trí líonra gníomhaireachtaí stáit a thugann comhairle ghnó, oiliúint agus treoracha, seirbhísí meantóireachta agus a chuireann cabhair ar fáil le tacú leis an bhfás agus leis an bhfairsingiú. Áirítear iad seo a leanas mar shamplaí: Fáilte Ireland (an turasóireacht a fhorbairt agus a chur chun cinn) Fiontraíocht Éireann (cabhair a thabhairt do thionscal dúchais, m.sh. R&D agus margaíocht) SOLAS (cuireann oiliúint thionsclaíoch ar fáil d'oibrithe) IDA Ireland (cuireann cúnamh deontais ar fáil leis an FDI a mhealladh) Boird Fiontraíochta na gContaetha le fiontraíocht a spreagadh. Caiteachas reatha méadaithe ar phá/leas sóisialta na hearnála poiblí: - Mar thoradh ar chomhaontuithe pá náisiúnta d'oibrithe san earnáil phoiblí lena mbaineann na comhpháirtithe sóisialta, bheadh éifeacht seachtháirge ann do ghnólachtaí mar go mbeadh ioncam indiúscartha níos mó ag oibrithe	20 2 x 7m (3+3+1) 1 x 6m (3+2+1)

			na hearnála poiblí. Mhéadódh méaduithe ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh cumhacht caiteachais cuid den daonra. - Déanann sé seo díolacháin a mhéadú do ghnólachtaí in earnáil na seirbhísí ar nós Seacláid Braw. Infheistíonn an Rialtas san Oideachas agus san Oiliúint: - Déanann an rialtas infheistíocht san oideachas 3ú leibhéal le haghaidh na mac léinn ar fad in Éirinn atá díolmhaithe ó tháillí teagaisc, rud a chinntíonn go mbíonn soláthar leanúnach ann sa lucht saothair a bhfuil ardscoilleana acu. - Le hoiliúint a chuirtear ar fáil trí eagraíochtaí mar SOLAS, tugtar an deis do dhaoine atá dífhostaithe uasoiliúint a dhéanamh agus cuidíonn sin le daoine atá dífhostaithe dul isteach sa lucht saothair arís. - Cabhraíonn sé seo leis an saothar oilte a bhíonn ag teastáil ó ghnólachtaí a chur ar fáil dóibh - bheadh na cócairí taosráin/seacláideoirí a bhíonn ag teastáil ó sheacláid Braw acu. Cáin Trí thimpeallacht atá íseal ó thaobh cánach de a chruthú do ghnólacht, spreagtar fiontraithe le gnó a bhunú mar go bhféadfaidís an chuid is mó dá gcuid gnóthachan a choimeád. Cinntíonn an cháin chorparáideach íseal go gcoimeádann an fiontraí an chuid is mó dá gcuid gnóthachan sa ghnó. Reachtaíocht Bíonn tionchar ag reachtaíocht ar nós GDPR, an pá íosta agus Sláinte agus Sábháilteacht ar chostais ghnó agus ar an timpeallacht ina bhféadfadh fiontraithe gnó a bhunú. Gníomhaireachtaí Cuireann gníomhaireachtaí ar nós Oifigí Fiontraíochta Áitiúla (LEO) cúnamh ar fáil do ghnólachtaí trí dheontais, mhonatóireacht agus oiliúint a chur ar fáil. Pleanáil eacnamaíoch a spreagadh Déanfar mol comhaimseartha d'Éirinn le gnó a bhunú agus a chothú ann trí phleanáil eacnamaíoch a chur i bhfeidhm don todhchaí le haghaidh a thabhairt ar ríomhghnóthaí, ar dhúshláin an bhoilscithe agus ar an gcianobair.	
--	--	--	---	--

- (C) (i) Idirhealaigh idir an earnáil phríomha agus an earnáil threasach sa gheilleagar.
- (ii) Tabhair breac-chuntas ar na treochtaí reatha a bhfuil tionchar acu ar ghnólachtaí san earnáil threasach i ngeilleagar na hÉireann.

Ceist			Freagraí Féideartha	Uas. Marc
2	(C)	(i)	Idirdhealaigh idir an earnáil phríomha/phríomhúil agus an earnáil threasach sa gheilleagar. Déanann an earnáil phríomhúil tagairt don obair a dhéantar le hacmhainní nádúrtha. Áirítear na tionscail eastóscacha leis an earnáil phríomhúil ar nós an mhianadóireacht, an talmhaíocht, an iascaireacht, an fhoraoiseacht srl. Déanann an earnáil threasach tagairt do thionscal na seirbhísí. Tá tionscal na seirbhísí ar an earnáil is mó in Éirinn. An aidhm atá ag an earnáil ná réimse seirbhísí a chur ar fáil do ghnólachtaí agus do chustaiméirí. M.sh. seirbhísí airgeadais, seirbhísí leighis, seirbhísí iompair, seirbhísí fóillíochta. - Tá an turasóireacht ar cheann de na hearnálacha seirbhísí is suntasaí. Earnáil dlúthshaothair atá inti agus is foinse mhór fostaíochta í. - Tógadh IFSC chun cuideachtaí a ghabhann do sheirbhísí a thrádáiltear go hidirnáisiúnta mar airgeadas, árachas, comhairleacht agus cumarsáid eile a mhealladh, agus chun tacaíocht a thabhairt dóibh.	20 10m (2 + 3) (2 + 3)
		(ii)	Tabhair breac-chuntas ar na treochtaí reatha a bhfuil tionchar acu ar ghnólachtaí san earnáil threasach i ngeilleagar na hÉireann. Díolacháin a mhéadú: - Tá borradh tagtha faoin bhfás eacnamaíoch in Éirinn. Tháinig méadú ar choigilteas tomhaltóirí mar gheall ar an dianghlasáil, agus nuair a chuirtear é seo leis na lagduithe atá tagtha ar MSU, tá méadú tagtha ar an ioncam indiúscartha. Tá méadú tagtha ar dhíolacháin do sholáthraithe seirbhíse ar nós gnólachtaí san earnáil fáilteachais, óstáin, bialanna srl. mar thoradh air seo. Glac le forbairt chuí. Cáin Bhreisluacha: - Rinneadh an ráta Cánach Breisluacha in earnáil na turasóireachta agus san earnáil fáilteachais a laghdú go 9.5%. - Chuir sé seo feabhas ar iomaíochas na hearnála turasóireachta. Méadú ar Iomaíochas:	10m 2 x 5m (2+3)

		• Bíonn ar sholáthraithe traidisiúnta seirbhíse aghaidh a thabhairt ar iomaíocht mhéadaithe ó sholáthraithe seirbhíse ar líne. Mar shampla Bíonn ar sholáthraithe seirbhíse airgeadais aghaidh a thabhairt ar iomaíocht ó sholáthraithe seirbhíse ar líne ar nós KBC bank. Ríomhthráchtáil • Tá athrú tagtha ar dhinimic earnáil na seirbhísí mar thoradh ar fhorbairt an ríomhghnó, ina ndéantar earraí agus seirbhísí a cheannach agus a dhíol ar an idirlíon. Tá na miondíoltóirí Tesco agus Next bogtha i dtreo na n-oibríochtaí ar líne. Ganntanas foirne - ganntanas ar infhaighteacht foirne seirbhíse. • Tá méadú tagtha ar líon iomlán na ndaoine atá fostaithe san earnáil threasach: • Tá méadú leanúnach ag teacht ar líon na ndaoine atá fostaithe i dtionscal na seirbhísí. Tá deacracht ag an-chuid gnóthaí i dtionscal na seirbhísí, áfach, maidir le foireann a earcú. Tá méadú bliantúil tagtha ar líon na ndaoine atá fostaithe in earnáil na turasóireachta. Rochtain ar an teicneolaíocht. Droch-chaighdeán leathanbhanda go háirithe i gceantair tuaithe. Drochúsáid bainte as suíomhanna gréasáin chun earraí a dhíol le tomhaltóirí. Rátaí Tráchtála Rátaí tráchtála gearrtha ag údaráis áitiúla ar ghnó. Tá miondíoltóirí beaga áitiúla curtha faoi bhrú millteanach agus iad ag iarraidh dul in iomaíocht le miondíoltóirí níos mó. Ardaithe pá: Tá éilíthe tarlaithe in earnáil na seirbhísí mar thoradh ar na héilimh rathúla pá a rinneadh san earnáil iompair ar nós Dublin Bus agus Luas. Déanann sé seo brabúis na ngnólachtaí i dtionscal na seirbhísí a laghdú. D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith i measc na bPointí Breise: • Droch-chaighdeán Infreastruchtúir • ganntanas oibríthe oilte in áiteanna áirithe • costas na bhfóntas • athruithe déimeagrafacha • dífhostaíocht mar thoradh ar uathobriú seirbhísí (i.e. an earnáil bhaincéireachta). • Ganntanas tithíochta	
--	--	---	--

Ceist 3

- (A) Tabhair breac-chuntas ar na dúshláin maidir le margaíocht dhomhanda a d'fhéadfadh a bheith roimh ghnólacht Éireannach agus é ag trádáil go hidirnáisiúnta. (20)

Ceist		Freagraí Féideartha	Uas. Marc
3	(A)	Táirge Domhanda: An aidhm a bhíonn ag gnó a bhfuil sé ar intinn aige táirge a dhíol ar fud an domhain ná táirge caighdeánaithe a dhíol sna margaí ar fad ar fud an domhain. Déantar an táirge a dhearadh i mbealach a théann i bhfeidhm ar thomhaltóirí. B'fhéidir go mbeadh an bhrandáil, an pacáistiú nó gnéithe áirithe le leasú le dul in oiriúint do mhargadh áitiúil.m.sh. Is gá do dhéantóirí gluaisteán suíochán tiomána a chur ar thaobh deas an ghluaisteáin le haghaidh margaí na hÉireann, na Ríochta Aontaithe agus na hAstráile mar gheall go mbíonn siad ag tiomáint ar thaobh na láimhe clé. Praghas Domhanda: An aidhm a bhíonn ag comhlacht domhanda ná an táige/seirbhís acu a dhíol ar an bpraghas céanna le tomhaltóirí ar fud an domhain. Ní mór dóibh an costas maireachtála a bhaineann le gach tír, an cánachas, na rátaí malairte, na costais dáileacháin agus na hiomaitheoirí áitiúla a chur san áireamh sula ndéanfar praghsanna a shocrú i ngach dlínse. m.sh. D'fhéadfadh seirbhísí síntiúis Netflix a bheith difriúil in áiteanna éagsúla ar domhan mar gheall ar an ábhar a chuirtear ar fáil i ngach limistéar. Íocann síntiúsóirí níos mó nó níos lú ag brath ar an áit a bhfuil cónaí orthu ar domhan. Áit Dhomhanda: Bíonn cainéil dáileacháin/bealaí dailte éagsúla ann ar fud an domhain. D'fhéadfadh gnólachtaí tabhairt faoi easpórtáil dhíreach - ábhar a dhíol ar líne/miondíoltóirí díreach le custaiméirí, úsáid a bhaint as gníomhaire le bheith ag díol ar a shon le haghaidh coimisiúin, comhaontuithe a cheadúnú chun go ndéanadh déantóirí eile an táirge a sholáthar le haghaidh táille, monarcha déantúsaíochta a bhunú thar lear nó comhaontuithe comhfhiontair. m.sh Déanann Britvic 7UP a tháirgeadh in Éirinn faoi chomhaontú ceadúnaithe le PepsiCo Cur Chun Cinn Domhanda: Baineann an chuid is mó de chomhlachtaí domhanda na modhanna céanna cur chun cinn ar fud an domhain. Déanann sé seo costais a ísliú ach d'fhéadfadh athruithe beaga áirithe a bheith ag teastáil i réigiúin áirithe. Ní mór gnéithe áirithe ar nós teanga, difríochtaí cultúrtha, reachtaíocht agus teicneolaíocht a chur san áireamh. m.sh. Baineann Kinder úsáid as fógraí caighdeánacha teilifíse ar fud an domhain ach baineann úsáid as aisteoirí gutha le hathghuthú a dhéanamh ar an mbunleagan chun go gcloisfí an chanúint áitiúil. Níl samplaí ag teastáil	20 2 x 7m (4+3) 1 X 6m (3+3)

- (B)** (i) Léirigh, agus sampla á úsáid agat, an tuiscint atá agat ar an téarma gnólacht dúchasach.
(ii) Pléigh na buntáistí a bhaineann leis an easpórtáil dhomhanda do ghnólachtaí móra dúchasacha. (20)

Ceist			Freagraí Féideartha	Uas. Marc
3	(B)	(i)	Is éard atá i gceist le gnólacht dúchasach ná gnólacht arb as an tír ina bhfeidhmíonn sé dá chuid úinéirí. Comhlacht dúchasach is ea comhlacht atá bunaithe ag áitritheoirí Éireannach agus a fheidhmíonn in Éirinn go príomha. E.G. Sampla de chomhlacht dúchasach Éireannach is ea Dunnes Stores.	20 5 mharc (2+3) Sampla ag teastáil.
		(ii)	Díolacháin Mhéadaithe/Margaí atá ag teacht chun cinn Is féidir le gnólachtaí Éireannacha easpórtáil a dhéanamh chuig margaí nua atá ag teacht chun cinn san Áir, i Meiriceá Theas agus san Afraic. De réir mar a thagann méadú ar na leibhéil ioncaim sna margaí nua seo méadaíonn an t-éileamh atá ar tháirgí. Costais íslithe - Barainneachtaí Scála a Bhaint amach Is féidir le comhlachtaí dúchasacha barainneachtaí scála a bhaint amach trí easpórtáil mar gheall ar ‘bhulc-cheannach’ amhábhair i méideanna níos mó. D’fhéadfadh sé seo brabúsacht a mhéadú de réir mar a thagann laghdú ar an bpraghas in aghaidh an aonaid a bhaineann leis an táirge a tháirgeadh. Éagsúlú Ní bhíonn comhlacht dúchasach ag brath ar an margadh dúchasach/baile acu chomh mór sin. Beidh an gnólacht in ann teacht trí mhoillithe ar an ngeilleagar sa gheilleagar dúchasach acu.	3@5m (2+3)

- (C)** Déan cur síos ar ról an Choimisiúin Eorpaigh agus Pharlaimint na hEorpa i bpróiseas cinnteoireachta an Aontais Eorpaigh. (20)

Ceist		Freagraí Féideartha	Uas. Marc
3	(C)	An Coimisiún Eorpach Tá an Coimisiún Eorpach freagrach as dlíthe nua AE a mholadh/a dhréachtú le plé Ta 27 Coimisinéir ó gach ballstát mar chuid den Choimisiún, ainmnithe ag a gcuid Rialtas agus ceaptha ag an bParlaimint. Má cheadaítear dlíthe tá an Coimisiún freagrach as a chinntiú go gcuirtear an dlí i bhfeidhm ar fud na mballstát trí threoracha, trí chinntí nó rialacháin. Parlaimint na hEorpa Tá 705 ballstát i bParlaimint na hEorpa (FPE) atá tofa go díreach ag saoránaigh an AE ó na ballstáit ar fad. An ról atá acu ná ionadaíocht a dhéanamh do leas na saoránach maidir le reachtóireacht an AE. Déanann na FEP an reachtaíocht nua ar fad a mholtar a phlé agus díospóireacht a dhéanamh air tríd an gCoimisiún Eorpach. Déanann an Pharlaimint leasuithe a mholadh ar an reachtaíocht atá molta ag an gCoimisiún sula nglacfar leis.	20 2 x 7m (4+3) 1 x 6m (3+3)

Ceist 4

(A) Mínigh forálacha an Achta um Chosaint Tomhaltóirí, 2007, agus bíodh tagairt agat dóibh seo a leanas:

1. Rialacháin maidir le taispeáint praghsanna.
2. Eolas míthreorach, bréagach nó míchruinn a sholáthar.
3. Forfheidhmiú an achta.

(20)

Ceist		Freagraí Féideartha	Uas. Marc
4	(A)	1. Rialacháin maidir le taispeáint praghsanna. Léiriú Praghais De réir an Achta, caithfear na praghsanna atá ag táirgí áirithe a léiriú leis na táillí agus na cánacha ar fad san áireamh. Tugann An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí 2007 an chumhacht don Aire Fiontraíochta, Trádála agus Fostaíochta Rialacháin a chruthú maidir le conas a dhéantar praghsanna a léiriú. Mar shampla, d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach go ndéanfaí na praghsanna atá ag táirgí áirithe a léiriú leis na táillí agus na achá ar fad san áireamh. Srianta Praghais Tugann An tAcht Praghsanna 1958 - 1972 réimse cumhachtaí don Aire Fiontraíochta, Trádála agus Fostaíochta le praghsanna uasta a shocrú. Déanann An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí 2007 na cumhachtaí seo ar fad a aisghairm seachas an chumhacht a bhaineann le praghsanna a rialú i gcásanna éigeandála. Forálann sé gur gá gurb é an rialtas a chuirfeadh an chumhacht maidir le praghsanna a rialú i gcásanna éigeandála i bhfearas seachas an tAire. 2. Eolas míthreorach, bréagach nó míchruinn a sholáthar. Déanann an tAcht tomhaltóirí a chosaint ó chleachtais mhíthreoracha, ó chleachtais ionsaitheacha nó ó chleachtais a bhfuil cosc orthu. Chuirfí faisnéis bhréagach, mhíthreorach agus mhí-ionraic i gcleachtas míthreorach. Cuirtear cosc ar chleachtais mhíthreoracha má bhíonn baol ann go gcuirfidís isteach ar an gcumas atá ag an ngnáth-thomhaltóra rogha eolach a dhéanamh maidir le táirge agus sa chás gurb iadsan ba chúis le cinneadh an ghnáth-thomhaltóra faoi idirbheart nach ndéanfaidís de ghnáth. Cuireann an tAcht cosc ar thrádálaithe páirt a ghlacadh i gcleachtais ionsaitheacha ar nós ciapadh, comhéigean, nó tionchar iomarcach a imirt. Is samplaí den chiapadh iad seo a leanas; brú a chur ar dhuine, imeagla a chur ar dhuine agus teacht i dtír ar chustaiméirí leochaileacha. Glactar leis go bhfuil cleachtas tráchtála 'míchothrom' má dhéanann sé dhá choinníoll a chomhlíonadh. 1. Eolas míthreorach (eolas míchruinn a thabhairt nó eolas tábhachtach a fhágáil ar lár) nó ionsaitheach atá ann (brú a chur ort earra a cheannach) 2. Is dócha go gcuirfidh sé do chinneadh ceannaigh as a riocht.	20 (7 + 7 + 6) (4+3) (3+3)

		Cleachtas míthreorach a bhíonn i gcleachtas tráchtála má bhíonn eolas bréagach nó míchruinn ann faoi na nithe seo a leanas: • Beithsine nó cineál/nadúr an táirge • Príomhthréithe an táirge, lena n-áirítear an infhaighteacht a bhíonn aige ag am, áit, nó ag praghas áirithe. • Úsáid agus stair roimhe sin • Praghas an táirge nó na seirbhíse, conas a rinneadh an praghas a ríomh nó an bheithsine nó cineál a bhaineann le buntáiste praghais áirithe. • An bheithsine, an cineál nó aon fhaomhadh nó urraíocht (díreach nó indíreach) a rinneadh ar an táirge ó fhoinse eile. • Cearta dlíthiúla tomhaltóra (cathain, conas nó cé na cásanna ina bhféadfaí na cearta sin a chur i bhfeidhm) 3. Forfheidhmiú an achta. Cuireann An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí 2007 ar chumas an CCPC/CICT gníomh forfheidhmiúcháin a dhéanamh i gcoinne trádálaithe nach bhfuil na dlíthe tomhaltais á gcomhlíonadh acu. D'fhéadfadh an CCPC/CICT glacadh le comhaontú scríofa ón trádálaí ina mbíonn pé téarmaí agus coinníollacha atá oiriúnach dar leis an CCPC/CICT. Sa chás nach gcomhlíonann an trádálaí a chuid riachtanas, d'fhéadfadh an CCPC/CICT urghaire nó ordú toirmisc a lorg i gcoinne an trádálaithe. Is féidir leis an CCPC/CICT fógra comhlíonta/geallúnachta a sheirbheáil ar thrádálaí sa chás go mbraitheann siad go raibh baint ag an trádálaí le gníomhaíocht thoirmiscithe. Fógra scríofa atá san fhógra comhlíonta a chuireann an trádálaí ar an eolas gur gá dóibh an sárú ar reachtaíocht thomhaltais a chur ina cheart. Tá 14 lá ag an trádálaí achomharc a dhéanamh i gcoinne an fhógra. Sa chás nach gcomhlíonann an trádálaí nora rialacha, is féidir leis an CCPC/CICT imeachtaí coiriúla a thionscnamh. Is féidir leis an CCPC/CICT pionóis ar an láthair a thabhairt i gcás coireanna maidir le léiriú praghsanna. Fíneáil €300 atá sa phionós a bhíonn le híoc laistigh de 28 lá. Sa chás nach n-íocann an trádálaí an fhíneáil, is féidir leis an CCPC/CICT imeachtaí coiriúla a thionscnamh. Is gá don CCPC/CICT Liosta um Chosaint Tomhaltóirí a choimeád agus a fhoilsiú. Liosta de thrádálaithe atá sa Liosta um Chosaint Tomhaltóirí a mbaineann an méid seo a leanas leo: Ciontaithe i gcionta coiriúla Faoi réir orduithe na cúirte Faoi cheangal gealltanais Seirbheáilte le fógra comhlíonta/ordú gealltanais scríofa Faoi réir fógra íocaíochta socraithe D'fhéadfadh an CCPC/CICT iarratas a dhéanamh leis an gcúirt le haghaidh ordaithe a chuireann iallach ar thrádála atá ciontaithe in an-chuid cionta sonraithe ráiteas ceartaitheach a fhoilsiú mar gheall ar an gcion, ar a gcostas féin.	
--	--	---	--

- (B) (i) Tabhair breac-chuntas ar ról Oifig an Ombudsman.
(ii) Déan cur síos ar dhá ghné de Nós Imeachta na nÉileamh Beag / Cúirt na nÉileamh Beag.
(20)

Ceist			Freagraí Féideartha	Uas. Marc
4	(B)	(i)	<u>Oifig an Ombudsman.</u> Cineálacha éilimh Is féidir leis an Ombudsman gearán a fhiosrú má chreideann tú go bhfuil comhlacht ón tseirbhís phoiblí tar éis an t-eolas mícheart a thabhairt duit nó má bhraitheann tú nár glacadh i gceart le do ghearán. An Rogha Dheiridh Fiosróidh an tOmbudsman éileamh sa chás go bhfuil triail bainte as na conairí eile nós imeachta ar fad. Cineálacha fiosrúcháin Is féidir leo cinneadh atá éagórach dar leatsa, cinneadh a bhfuil moill curtha air nó nár míníodh an chúis atá leis an gcinneadh i gceart duit a fhiosrú. Gníomhaireachtaí nach bhfuil faoina chúram Tá gearáin áirithe ann nach féidir leis an Ombudsman iad a fhiosrú. Áirítear leo seo gearáin a bhaineann le: • Breithiúnais chliniciúla ag dochtúirí nó ag gairmithe leighis eile • Iarratais ar phost • Cinntí a bhaineann leis an imirce nó leis an eadóirsiú • Conas a dhéantar príosúin a rith • Ní féidir le hOifig an Ombudsman gearán a fhiosrú má bhíonn imeachtaí dlíthiúla tosaithe cheana féin agat i gcoinne comhlacht poiblí le haghaidh an ghearáin chéanna. Réamhfhiosrúchán Más féidir leis an Ombudsman glacadh le do chás cuirfidh siad tús le réamhfhiosrúchán agus iarrfaidh siad ar an gcomhlacht ón tseirbhís phoiblí eolas ábhartha a thabhairt. Seans go gcuirfí faoi agallamh thú go neamhfhoirmeálta ag an bpointe seo. Fiosrúchán Foirmeálta San fhiosrúchán foirmeálta, déanfaidh an tOmbudsman ráiteas gearáin a dhréachtú i gcomhairle leatsa. Cuirfear an fhiosrúchán i gcrích go príobháideach agus i bhfoirm scríofa de ghnáth. B'fhéidir go n-éileodh an tOmbudsman eolas, comhaid nó cáipéisí ar bith le cabhrú leis nó léi agus an fhiosrúchán á chur i gcrích aige/aici. Ag deireadh an phróisis fhiosrúcháin, is gá don Ombudsman tusa a chur ar an eolas faoin gcinneadh Toradh an Fhiosrúcháin	20 8m 4 + 4

		Ag brath ar an toradh, d'fhéadfadh sé go n-iarrfaidís ar an soláthraí a chinneadh a athrú nó míniú agus/nó cúiteamh a thabhairt. Moltaí Ní féidir leis an Ombudsman ach moltaí amháin a thabhairt. Níl a chuid cinntí ina cheangal dlí. <u>An Chúirt Mhionéileamh:</u> Cineálacha éilimh Is féidir aghaidh a thabhairt ar na cineálacha éileamh tomhaltóirí seo a leanas faoi nós imeachta na mionéileamh: • Éilimh tomhaltóirí cosúil leo siúd a bhíonn ag plé le hearraí lochtacha nó le droch-chaighdeán oibre. • Is gá go mbeadh na hearraí nó an tseirbhís ceannaithe agat don úsáid phríobháideach ó dhuine éigin a bhíonn á ndíol in imeacht an lae. • Is féidir éilimh a dhéanamh maidir le damáiste beag don réadmhaoin agat. • Éilimh maidir le héarlais chíosá nár tugadh ar ais i gcás cineálacha áirithe tithe ar cíos, ar nós, teach saoire nó árasán in áit a bhfuil cónaí ar an tiarna talún chomh maith. • Ní féidir éilimh tomhaltóirí a dhéanamh tríd an nós imeachta mionéileamh le haghaidh fiach, gortuithe pearsanta nó sárú ar léas nó ar chomhaontaithe fruilcheannaigh. • Is féidir le gnólachtaí éilimh a dhéanamh i gcoinne gnólachtaí eile maidir le conarthaí d'earraí nó do sheirbhísí a ceannaíodh. Ní bhaineann sé le héilimh maidir le: Comhaontaithe a mbaineann an tAcht um Chreidmheas do Thomhaltóirí 1995 leo; sáruithe ar chomhaontaithe léasaithe, ar fhiacha nó ar dhamáistí leachtaithe. <u>Costas íseal/inacmhainne:</u> Le clárú leis an tSeirbhís Chúirte is gá táille €25 a íoc. <u>Cúiteamh</u> Is féidir cúiteamh a bhronnadh ar luach €2000 ar a mhéid. Ní gá don tomhaltóir atur nae a fhostú. Cuireann sé seo teorainn leis na costais dhlíthiúla agus tá sé áisiúil. <u>Áisiúlacht/Luas:</u> Tugtar coicís don mhiondíoltóir/soláthraí seirbhíse freagra a thabhairt ar an gcás, nó déantar dáta cúirte a shocrú sa Chúirt Dúiche. Neamhchlaonta/Achomhairc: Éistean breitheamh neamhchlaonta leis an gcás agus déanann siadsan cinneadh ar an éileamh. D'fhéadfaí achomharc a dhéanamh i gcoinne an cháis chuig an gCúirt Chuarda sa chás nach mbíonn páirtí ar bith sásta leis an mbreithiúnas. Rochtain ar Nós Imeachta Mionéileamh ar líne.	12m 2 x 6m (3+3)
--	--	---	------------------------------------

- (C) Tabhair breac-chuntas ar **thrí** réiteach ar ‘Shárú Conartha’ atá ar fáil don pháirtí eile a bhfuil baint acu leis. (20)

Ceist		Freagraí Féideartha	Uas. Marc
4	(C)	An dlí a chur ar dhuine i leith Damáistí/Cúiteamh Is féidir leis an té a gortaíodh/an páirtí eile sa chonradh imeachtaí cúirte a thionscnamh i gcoinne an pháirtí a sháraigh an Conradh. Is féidir leis an mBreitheamh ordú a thabhairt don chosantóir na caillteanais ar fad a bhí ag an ngearánach mar thoradh ar an sárú a chúiteamh. Comhlíonadh Ar Leith/sainchomhlíonadh/comhlíonadh speisialta Is féidir leis an mbreitheamh ordú a thabhairt do pháirtí ar bith a gcuid dualgas conarthacha a chomhlíonadh. Tugann an breitheamh ordú do pháirtí amháin a gcuid siúd den chomhaontú dlíthiúil a chur i gcrích. An Conradh a Chealú Is féidir leis an mbreitheamh an Conradh a chealú ar fad. Filleann an dá pháirtí sa chonradh ar an suíomh ceanna mar a bhí sular cruthaíodh an Conradh.	20 2 x 7m (4+3) 1@6 (3+3)

ROINN 3
Cuid 2
Fiontraíocht
Ceist 5

- (A) Déan measúnú ar dhá stíl cheannaireachta a bhféadfadh an bainisteoir gnó i nGluaisteáin M6 glacadh leo, agus tabhair cúiseanna le do fhreagra. (20)

Ceist		Freagraí Féideartha	Uas. Marc
5	(A)	Stíl Cheannaireachta Dhaonlathach Ceannaire daonlathach is fearr a oireann mar stíl bhainistíochta don chineál seo gnó. Bíonn an fhoireann tábhachtach don chineál seo ceannaire, bíonn muinín acu as a bhfoireann, bíonn cumarsáid oscailte acu agus déanann freagracht a dháileadh. Téitear i gcomhairle leis an bhfoireann mar gheall ar chinntí. Is ceannaire ionchuimsitheach é an ceannaire daonlathach agus bíonn ról ag gach fostaí sa chinnteoireacht. Cabhraíonn sé seo le fostaithe an muinín a bhrath agus cuireann sé le spreagadh na foirne. D'fhéadfadh an ceannaire ag M6 Motors feabhas a chur ar spreagadh na foirne trí dhul i gcomhairle leis an bhfoireann maidir le cinntí. Cumarsáid fheabhsaithe agus cinnteoireacht fheabhsaithe. Is féidir fadhbanna a réiteach go héasca trí chainéil oscailte cumarsáide, ní bheidh aon eagla ag fostaithe sa chineál seo gnó roimh a mbainisteoirí agus beidh siad in ann fadhbanna sa ghnó a phlé leo. Táirgiúlacht Mhéadaithe. Is iad na fostaithe atá spreagtha a oibríonn níos cruua. Má bhíonn fostaí sásta ina láthair oibre, braitheann siad go bhfuil iontaoibh ag daoine astu agus go bhfuil luach ag baint leo, tiocfaidh méadú ar a dtáirgeacht. Cruthaítear cultúr infhiontraíochta. Tugann ceannairí daonlathacha spreagadh leanúnach dá gcuid fostaithe le bheith cruthaitheach. Is mó seans go mbeidh fostaithe níos cruthaithí agus níos nuálaí mar go bhfuil meas ag daoine orthu san eagraíocht. Laghdaíonn ualach oibre agus strus na bainistíochta - trí fhreagracht a dháileadh agus cumhacht a thabhairt don fhoireann, déanann ceannairí daonlathacha níos mó ama a shaoradh le díriú ar spriocanna fadtéarmacha an ghnó. Níos éasca athruithe a chur i bhfeidhm - is féidir le ceannaire daonlathach athruithe a chur i bhfeidhm san ionad oibre go	20 2@10 (2+3+3+2)

		saoráideach mar go bhfuil meas agus a gcuid fostaithe orthu agus go bhfuil iontaoibh acu astu. Téann siad i mbun cumarsáide agus i gcomhairle go hoscailte leis an bhfoireann agus bíonn tacaíochta na foirne acu dá bharr. Stíl Cheannaireachta Uathlathach Tugann an ceannaire treoracha dóibh siúd a bhíonn ag obair faoi. Déanann sí/é cinntí gan dul i gcomhairle le duine ar bith. Sampla: Aistarraingt táirge nó éigeandáil sa siopa. Tréithe • Tugann an ceannaire treoracha dóibh siúd a bhíonn ag obair faoi. • Ní dhéantar an chinnteoireacht a roinnt/ní bhíonn comhairliúchán ar bith ann. • Ní thugtar deis d'fhostaithe nuálaíocht a léiriú. Ceannaireacht Laissez Faire (Saoirse iomlán) Ní bhíonn mórán de bhaint ag an mbainistíocht le cúrsaí/ D'fhéadfadh fostaithe an-oilte (ar nós meánbhainisteoirí) a gcuid cinntí féin a dhéanamh agus ní gá go mbeadh aon chomhordú lárnach ann. Tréithe • Fostaithe an-oilte/saineolaithe (ar nós meánbhainisteoirí). • Áirítear leis seo go ligfear d'fhostaithe a gcuid spriocanna féin a leagan amach agus a bhaint amach gan aon chur isteach ón mbainistíocht. • Bíonn fostaithe ag teastáil atá an-tiomanta dá gcuid oibre	
--	--	--	--

(B) Pléigh an bealach a mbaineann rialú stoic agus rialú cáilíochta bearta éifeachtúlachta amach do ghnólacht ar nós Gluaisteáin M6. (20)

Ceist		Freagraí Féideartha	Uas. Marc
5	(B)	Rialú Stoic Ní mór do ghnó a chuid stoic a rialú le cinntiú go mbíonn dóthain stoic aige le freastal ar éileamh custaiméirí i gcónaí. D'fhéadfadh dífheidhmeacht, caipiteal seasta, stóráil mhéadaithe agus costais árachais agus baol gadaíochta a bheith mar thoradh ar an iomarca stoic a bheith ag gnó. D'fhéadfadh díolacháin cailte, laghdú ar dhílseacht custaiméirí agus damáiste don bhranda a bheith mar thoradh ar leibhéal stoic ró-íseal. <i>- déan tagairt do M6 motors</i> Rialú Cáilíochta	20 2 x 10m (4+4+2) (4+ 4+2)

		- An aidhm atá ag an rialú cáilíochta ná a chinntiú go mbaineann na táirgí ar fad caighdeán áirithe amach atá leagtha amach ag an ngnó, an tionscal nó na heagraíochtaí cáilíochta. - D'fhéadfaí na bearta seo a leanas a chur i gcrích mar chuid de; rialóir Cáilíochta a cheapadh, tabhairt faoi iniúchtaí rialta, sampláil srl. - Beidh leanúnachas agus sásamh custaiméirí níos mó mar thoradh ar na córais seo. Is féidir le gnó cur isteach ar ghradaim Cháilíochta ar nós marc Q nó ISO9000. - déan tagairt do M6 motors	
--	--	---	--

- (C) (i) Mínigh an téarma infhiontraíocht.
- (ii) Tabhair breac-chuntas ar thrí mhodh a d'fhéadfadh an bhainistíocht i ngnó a úsáid chun infhiontraíocht a spreagadh. (20)

Ceist			Freagraí Féideartha	Uas. Marc
5	(C)	(i)	- Fostaí i ngnó a ghlacann páirt i ngníomhaíocht fiontraíochta/chumann smaointe nua laistigh den ghnó/don ghnó a bhfuil sé/sí fostaithe ann. - Tagann infhiontraithe ar bhealaí le costais a laghdú nó ar smaointe le haghaidh táirgí nua.	20 5m (2+3)
		(ii)	<u>Acmhainní a chur ar fáil - Am agus caipiteal</u> Cuir acmhainní ar fáil le cabhrú le fostaithe a gcuid smaointe a chur i gcrích (m.sh. airgeadas, am). <u>Luach saothair/Duaiseanna airgeadais don iarracht agus don chruthaitheacht:</u> D'fhéadfadh meascán pá, spreagthaí agus sochair a bheith mar dhuaiséanna. <u>Cuir struchtúr eagraíochtúil maitrise i bhfeidhm/eagraigh an fhoireann ina bhfoirne/seisiúin tobsmaointeoireachta:</u> Spreagann an obair foirne cruthaitheacht i measc fostaithe mar go mbíonn seisiúin tobsmaointeoireachta mar chuid den phróiseas forbartha táirgí srl. <u>Cur chuige éascaitheora don bhainistíocht:</u> D'fhéadfadh bainisteoir cur chuige éascaitheora a ghlacadh don bhainistíocht. <u>Cultúr</u> <u>Oiliúint</u>	3 x 5m (2+3)

Ceist 6

- (A) (i) Pléigh trí fheidhm ar bith atá ag Bainisteoir na nAcmhainní Daonna i ngnólacht.
(ii) Déan anailís ar an tionchar atá ag an gcanobair ar cheann amháin d'fheidhmeanna Bhainistíocht na nAcmhainní Daonna. (20)

Ceist			Freagraí Féideartha	Uas. Marc
6	(A)	(i)	Pleanáil AD/Pleanáil Oibrithe/Pleanáil Daonchumhachta - Áirítear leis seo na daoine cearta a bhfuil na scileanna cearta acu a bheith lonnaithe san áit cheart ag an am ceart ar fud an ghnó. Bíonn iniúchadh acmhainní daonna mar chuid de agus meastóireacht a dhéanamh ar riachtanais acmhainní daonna a bheidh ann amach anseo. - Is gá go ndéanfaidh an Bainisteoir Acmhainní Daonna iniúchadh ar acmhainní reatha na foirne, riachtanais na foirne a thuair, agus go gcuirfidís plean le chéile chun leibhéil na foirne a mhéadú/laghdú. Earcaíocht/Roghnú: - Baineann an earcaíocht agus an roghnú leis na hiarrthóirí féideartha is fearr a aimsiú nó a mhealladh leis na scileanna oiriúnacha agus na hiarrthóirí is oiriúnaí a roghnú ansin le fostú. - Is gá go ndéanfaidh an bainisteoir Acmhainní Daonna cur síos ar an bpost a dhréachtú agus é a chur in oiriúint don duine a cheapfar agus ansin an post a fhógairt. Is gá go ndéanfaí scagadh ar na hiarrthóirí (gearrliostaithe). Déantar an cinneadh trí phróiseas agallaimh de ghnáth. Oiliúint/Forbairt: - Baineann an oiliúint le feabhas a chur ar an gcumas atá ag na fostaithe a bpost a dhéanamh go héifeachtúil. - Cuireann an comhlacht oiliúint ar fáil chun saineolas agus scileanna níos fearr a mhúineadh d'fhostaithe. Tagann feabhas ar an tseirbhís do chustaiméirí agus ar eispéireas na gcustaiméirí dá bharr. - Cabhraíonn an oiliúint ionduchtaithe le fostaithe nua socrú isteach san ionad oibre (foghlaim faoin bpost/na polasaithe/rialacha an chomhlachta srl). Áirítear an oiliúint inmheánach/sheachtrach mar chineálacha eile oiliúna. - Déanann an fhorbairt na fostaithe a ullmhú le haghaidh freagrachtaí nua agus dúshláin níos mó san ionad oibre. Cabhraíonn le fostaithe barr a gcumas a bhaint amach. Breithmheas Feidhmíochta:/Breithmheas ar fheidhmiú - Is é seo an próiseas a bhaineann le measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht, ar dhul chun cinn, ar chúnamh agus ar éifeachtúlacht fostaí. Cinntíonn sé go gcloítear le hardchaighdeáin feidhmíochta sa ghnó, a chiallaíonn go mbeidh rath ar an eagraíocht. Cuireann sé cumarsáid agus soiléiriú dhá bhealach ar chuspóirí ar fáil/cuirtear aiseolas ar fáil d'fhostaithe maidir le feidhmíocht chun gur féidir feabhsuithe a chur i bhfeidhm. - Eagraítear cruinniú leis na fostaithe chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn agus chun spriocanna a leagan amach don todhchaí.	20 3 x 5m (2+3)

		- Tá athbheithnithe rialta ríthábhachtach don phróiseas breithiúnais feidhmíochta. Duaiseanna:/Luach saothair - Tugtar luach saothair d'fhostaithe trí dhuaiseanna airgeadaíochta agus neamhairgeadaíochta a thairiscint d'fhostaithe as obair mhaith a dhéanamh. Cruthaítear lucht saothair spreagtha dá bharr. - Áirítear iad seo a leanas mar dhuaiseanna bronnta ag an Roinn Acmhainní Daonna; pá, tuarastail, bónaís, sochar comhchineáil, scair-roghanna, pleananna pinsin, ardú céime srl. - Déanann an Bainisteoir Acmhainní Daonna idirbheartaíocht faoi phacáiste íocaíochta gach fostaí agus coimeádann faoi athbheithniú é. - Baintear úsáid as duaiseanna airgeadaíochta agus neamhairgeadaíochta chun riachtanais leathana an lucht saothair a shásamh. Caidreamh Tionscail a Bhainistiú - An fheidhm atá ag an Roinn AD ná caidrimh dhearfacha tionscail a chur chun cinn agus a choimeád san eagraíocht. - Glacann na ranna AD cur chuige gníomhach le cinntiú go mbíonn caidrimh dhearfacha tionscail ann trí chumarsáid oscailte a choimeád leis an bhfoireann agus chun gnás casaoide a fhorbairt. - Cinntíonn sé seo go ndéantar fadhbanna a réiteach go tapaigh. Pá & Duaiseanna/Luach Saothair Tá seans ann go mbeidh an córas íocaíochta agus duaiseanna do ghnólachtaí áirithe agus d'fhostaithe áirithe le leasú chun na córais oibre nua a cuireadh i bhfeidhm a chur san áireamh. Beidh an trealamh riachtanach le tabhairt don fhoireann a bhíonn ag obair ó bhaile chun gur féidir leo tabhairt faoin ról acu. Ní mór íocaíocht le haghaidh costas leictreachais, idirlín agus teileafóin srl. a chur san áireamh sna hathruithe. B'fhéidir go mbeadh scalaí pá agus rátaí pá le leasú le bheith ag teacht leis na hathruithe móra eile. Oiliúint & Forbairt: Bíonn infheistíocht ollmhór agus éascú oiliúna le haghaidh na gcóras nua ag teastáil ón gcianobair. Ní mór do bhainisteoirí AD oiliúint a eagrú do bhaill foirne arbh éigean dóibh an láthair oibre agus an saghas oibre acu a athrú. Déanfar an oiliúint féin ó chian den chuid is mó agus tá baol ann go gcruthófar deacrachtaí nó go gcuirfear mearbhall ar an bhfoireann nach bhfuil i láthair go fisiciúil le haghaidh na gcúrsaí oiliúna. Caidreamh Fostóra/Fostaí: D'fhéadfadh athrú suntasach teacht ar an gcaidreamh idir an bhainistíocht agus an fhoireann mar gheall nach bhfuil siad ar an láthair chéanna níos mó. Ní mór do bhainisteoirí AD a chinntiú go ndéantar cumarsáid cheart leis an bhfoireann ar bhonn rialta. Is gá dóibh cabhrú le baill foirne a mbíonn deacrachtaí acu agus aonrú á dhéanamh acu ó chomhghleacaithe. Tá an baol ann chomh maith nach mbeadh baill foirne áirithe chomh táirgiúil céanna agus iad ag obair ó chian agus go mbeadh maoirseacht bhreise ag teastáil uathu.	(ii) 5m 2+3
--	--	---	----------------------------------

- (B) (i) Mínigh an téarma bainistíocht riosca.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar na bealaí éagsúla a bhféadfadh gnólacht rioscaí a íoslaghdú.
(20)

Ceist			Freagraí Féideartha	Uas. Marc
6	(B)	(i)	Áirítear leis: - <u>Na rioscaí/caillteanais fhéideartha ar fad a shainaithint</u> m.sh. an baol tine, faillí fostóra, caillteanas mar gheall ar dhíobháil phearsanta, dliteanas dlíthiúil srl agus iarracht a dhéanamh tionchar na rioscaí seo a <u>mhaolú./laghdú</u> .	20 5m (2+3)
		(ii)	Árachas: An riosca a aistriú chuig comhlacht árachais le haghaidh préimhe a ndéanfaidh an comhlacht caillteanas ar bith a chúiteamh. Nósanna imeachta sábháilte: Déantar an cur chuige/an tslí a ndéantar rud éigin a leagan amach go soiléir agus cloítear leis/nósanna imeachta diana/nósanna imeachta sábháilte chun airgead a bhainistiú. Sláinte agus Sábháilteacht/Ráitis Sláinte agus Sábháilteachta: Rialacháin, dainséir a aithint, srl. Oiliúint a chur ar phearsanra i gcúrsaí sláinte agus sábháilteachta. Druileanna, cur chuige agus oiliúint leighis. Ionadaithe Sláinte agus Sábháilteachta san fhórsa saothair. Fadhbanna sábháilteachta a thuairisciú. Scrúduithe/iniúchtaí rialta sábháilteachta. Infheistíocht i dtrealamh nua, ionaid, nuashonraithe. Córais Slándála a Shuiteáil. Aláraim, doirse tine, CCTV srl. Trealamh sábháilteachta, éadaí cosanta agus oiliúint a chur ar fáil.	3 x 5m (2+3)

- (C) Déan comparáid idir na difríochtaí agus na cosúlachtaí do ghnólachtaí agus do theaghlaigh maidir le cúrsaí cánach. Bain úsáid as trí cinn ar bith de na ceannlínte seo a leanas chun struchtúr a chur ar do fhreagra: (20)

Cáin Chorparáide (CMÁ)

ÍMAT

Cáin Ghnóthachan Caipitiúil

Cáin Mhaoine Áitiúil

Ceist		Freagraí Féideartha	Uas. Marc
6	(C)	Cáin Chorparáide: Is gá do ghnólachtaí áirithe, comhlachtaí teoranta, cáin chorparáideach a íoc leis na coimisinéirí ioncaim ar a gcuid brabús cé nach n-íocann teaghlaigh cáin chorparáideach. ÍMAT: Íocann teaghlaigh ÍMAT ar a n-ioncam más fostaithe iad nó má tá siad féin-fhostaithe. Déanann an fostóir an ÍMAT a bhailiú ag an bhfoinse. Déanann gnólachtaí ÍMAT a bhailiú agus a bhaint ó phá comhlán na bhfostaithe agus seolann siad an t-airgead chuig na coimisinéirí ioncaim. Ní íocann gnólachtaí, ar nós comhlachtaí teoranta, ÍMAT ar a gcuid brabús. Cáin Ghnóthachan Caipitiúil: Tá teaghlaigh agus gnólachtaí faoi dhliteanas Cáin Ghnóthachan Caipitiúil a íoc ar bhrabús ar bith a dhéantar ó shócmhainn a dhíol. Má ghnóthaíonn tú brabús nuair a dhíolann tú sócmhainní, íocann tú Cáin Ghnóthachan Caipitiúil (CGT) ar an ngnóthachan ar gá íoc as. De ghnáth, is é an gnóthachan ar gá íoc as an difríocht idir an praghas a bhí ar an tsócmhainn ar dtús agus an praghas ar ghearr tú uirthi agus í á díol agat. Is féidir costais cheadaithe a bhaint ar nós an costas a bhí ar an tsócmhainn a fháil agus a dhíol. Cáin féin-mheasta is ea an Cháin Mhaoine Áitiúil (CMÁ) a ghearrtar ar luach margaidh na dtithe cónaithe sa Stát. Íocann teaghlaigh an CMÁ ach ní íocann gnólachtaí/réadmhaoin thráchtála í.	20 7+7+6 (4 + 3) (3 + 3)

Ceist 7

- (A) (i) Mínigh an téarma **Cóimheas Fiachais/Cothromais**.
- (ii) Ríomh an Cóimheas Fiachais/Cothromais do 2021 agus do 2020. Taispeáin an obair a dhéanann tú.
- (iii) Déan trácht ar cé acu i bhfeabhas nó in olcas a chuaigh an cóimheas Fiachais/Cothromais.

(25)

Ceist			Freagraí Féideartha	Uas. Marc
7	(A)	(i)	Cóimheas Fiachais/Cothromais - cuireann sé an sciar den chaipiteal a ghnóthaítear trí iasachtaí fadtéarmacha/chaipiteal fiachais i gcomparáid leis an sciar den chaipiteal a bhailítear trí thuilleamh a choimeádtar agus trí scairchaipiteal eisithe. Déanann sé anailís ar struchtúr caipitil an ghnó.	25 5m (2+3)
		(ii)	An Fhoirmle: Caipiteal Fiachais : Caipiteal Cothromais (lasacht Fhadtéarmach) : (Scairchaipiteal Eisithe + Cúlchistí)	3m
			2021 €150,000 ^② : €460,000 ^① + €140,000 ^① €150,000 : €600,000 0.25 : 1 ^② <u>Ní cheadaítear figiúirí leo féin</u>	6m
			2020 € 250,000 ^② : €300,000 ^① + €120,000 ^① € 250,000 : €420,000 0.6 : 1 ^② <u>Ní cheadaítear figiúirí leo féin</u>	6m
		(iii)	Cóimheas Fiachais/Cothromais le haghaidh The Cleaning Crew 0.25: Taispeántar in 1 go bhfuil an gnó ísealghiaráilte/giaráil íseal. <u>Tháinig feabhas ar an gcóimheas gearála ó 0.6:1 in 2020 go 0.25:1 in 2021.</u> Chaithfeadh institiúidí airgeadais go dearfach le hiarratas airgeadais mar go bhfuil siad suite i suíomh láidir. Tugann sé seo níos mó saoirse don ghnó mar go mbíonn níos mó roghanna airgeadais ar fáil dóibh le fairsingiú a dhéanamh <u>Anailís ar do chuid figiúirí féin ceadaithe, is ionann treocht a chur ar fáil agus ‘feabhsú’</u>	5m (2+3) 2 mharc 3 mharc

- (B) Pléigh na tosca ar cheart do ghnólacht iad a chur san áireamh nuair a bhíonn foinse airgeadais á roghnú. (20)

Ceist		Freagraí Féideartha	Uas. Marc
7	(B)	Cuspóir: Ní mór don ghnólacht aidhm an airgeadais a chur leis an gcineál airgeadais. Ba cheart riachtanais ghearrthéarmacha ar nós soláthraithe nó pánnas a íoc a mhaoiniú agus úsáid á baint as foinse airgeadais ghearrthéarmach ar nós rótharraingthe. Costas: Ní mór do ghnólacht an costas (APR) a bhaineann leis na roghanna airgeadais éagsúla a chur san áireamh. Is minic a léireofaí leibhéil éagsúla spéise i gcomhaontaithe fruilcheannaigh agus in iasachtaí meántéarmacha. Ní bhíonn costais úis ag baint leis an gcaipiteal cothromais ach bíonn costais úis ag gabháil leis an gcaipiteal fiachais. Comhthaobhacht/Slándáil/Urrús Ní mór do ghnólacht a mheas má bhíonn slándáil/urrús ag teastáil ón bhfoinse airgeadais. Beidh slándáil/urrús ag teastáil ó iasachtaí fadtéarmacha ar nós bintiúir. Is féidir an tsócmhainn a úsáidtear mar shlándáil/urrús a athshealbhú sa chás nach n-éiríonn leis an ghnólacht an maoiniú a tógadh ar iasacht a íoc ar ais. Aisíocaíochtaí seasta: Ní chuireadh an caipiteal cothromais aisíocaíochtaí seasta. Déanfaidh an gnólacht cinneadh an íocfaidh siad díbhinní ach beidh aisíocaíochtaí seasta den mhaoiniú a tógadh ar iasacht ag an gcaipiteal fiachais chomh maith leis an ús a gnóthaíodh. Inrochtaineacht/Infhaighteacht Cinnfidh an gnólacht cén fhoinse airgeadais is éasca le gnóthú nó cé acu atá ar fáil go forleathan. D'fhéadfadh difríocht a bheith ag baint leis an bhfáil atá ar chreidmheas trádála nó ar rótharraingt bhainc. Impleachtaí Cánacha: Measfaidh an gnólacht an bhfuil an fhoinse airgeadais inasbhainte roimh cháin i.e. an gcabhróidh an fhoinse airgeadais leis an méid cánach a íoctar leis na Coimisinéirí Ioncaim a laghdú. Mar shampla, tá an t-ús a ghearrtar ar mheániasacht inasbhainte roimh cháin, ach ní mar sin a bhíonn i gcás na ndíbhinní a íoctar le scairshealbhóirí. Rialú/Úinéireacht	20 4 x 5m (2+3)

- (C) Tabhair breac-chuntas ar an tábhacht a bhaineann le gnólachtaí a bheith i mbun Taighde Margaidh. (15 marc)

Ceist		Freagraí Féideartha	Uas. Marc
7	(C)	Méid/Poitéinseal an Mhargaidh a Dheimhniú:/ chun aitheantas a chur ar méid/poitéinseal am mhargaidh Tugann gnólacht faoi thaighde margaidh chun méid an mhargaidh a shainaithint chomh maith leis an gcéatadán féideartha den mhargadh a bhféadfaidís díriú air. Le deimhniú an bhfuil éileamh ann le haghaidh táirge/seirbhíse:/chun aitheantas a chur ar aon éileamh atá ann le haghaidh táirge/seirbhíse Is féidir táirgí a thástáil ar an margadh le deimhniú an bhfuil margadh inmharthana ann don táirge seo. Chun praghsanna a shocrú: Cabhraíonn taighde margaidh le sainaithint a dhéanamh ar na costais a bhaineann leis an táirgeadh, na corrlaigh bhrabúis agus an praghas is oiriúnaí le gearradh bunaithe ar chumas íocaíochta na spriocmhargaí, toilteanas íocaíochta, praghsanna iomaitheoirí srl. Iomaitheoirí a shainaithint: Is féidir gnólachtaí eile sa mhargadh a shainaithint trí thaighde margaidh. Cabhraíonn sé seo le gnólacht agus cinntí á ndéanamh acu faoi USP, faoi phraghsáil, straitéis fógraíochta srl. Le/chun teacht ar mhaoiniú: Ní mór do ghnólacht ar mian leo maoiniú a lorg ó infheisteoirí, institiúidí nó ó ghníomhaireachtaí Rialtais a bheith rannpháirteach i dtaighde margaidh chun féidearthacht inmharthanachta agus bhrabúsachta a dheimhniú. Deiseanna breise a shainaithint: trína bheith ag plé le custaiméirí féideartha agus trí mhonatóireacht a dhéanamh ar threochtaí, cabhraíonn sé seo le gnólachtaí agus cinntí á ndéanamh acu maidir le táirgí eile amach anseo srl. Laghdaíonn an riosca teipe: má bhíonn cur amach domhain agat ar an margadh, is mó seans go mairfidh an gnólacht. Tá sé ríthábhachtach go mbíonn gnólacht ag tabhairt faoi thaighde margaidh ar bhonn leanúnach le fanacht san iomaíocht.	15 3 x 5m (2+3)

Ceist 8

- (A) (i) Mínigh an téarma **bealach dáileacháin**.
- (ii) Dréachtaigh léaráid de bhealach dáileacháin a d'fhéadfadh Spotlight Oral Care a úsáid.
- (iii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** impleacht a bhaineann leis an mbealach dáileacháin sin a úsáid.

(25)

Ceist			Freagraí Féideartha	Uas. Marc
8	(A)	(i)	Déanann an cainéal dáileacháin/bealach dáilte tagairt don tslí a bhféadfadh gnólacht/déantóir a dtáirge a sheoladh chomh fada leis an tomhaltóir.	5m(2+3)
		(ii)	An Cainéal Dáileacháin/bealach dáilte ag Spotlight Déantóir ↓ ea Miondíoltóir (m.sh. Boots) ↓ Tomhaltóir	(3+3)
		(iii)	Is gá gur cainéal a bheadh sa léaráid le marcanna a thuilleamh Glac le dréacht den chainéal/bealach oiriúnach dáileacháin (m.sh. ar líne srl) Díolacháin níos mó/dul i bhfeidhm ar phobal féachana níos leithne Nuair a bheartaíonn gnólacht a dtáirge a dháileadh trí mhiondíoltóirí, bainfidh an gnólacht níos mó tomhaltóirí féideartha amach i.e. an táirge a chur os comhair sciar mór dá spriocmhargadh. Corrlach brabúis in aghaidh an aonaid: Choimeádfadh an gnólacht níos mó den phraghas díolacháin más ag díol go díreach le tomhaltóirí a bhíonn siad m.sh. Déantóir - Tomhaltóir. Bíonn ar an ngnólacht glacadh leis nach mbeidh an oiread céanna brabúis á ghnóthú acu in aghaidh an aonaid más ag díol le miondíoltóir a bhíonn siad. San fhadtéarma, áfach, d'fhéadfaí brabúsacht a mhéadú trí mhiondíoltóirí a úsáid mar gheall ar bhairinneacht scála. Barainneachtaí scála: Sa chás go mbaineann déantóir úsáid as miondíoltóir a bhfuil líon mór siopaí acu go náisiúnta, d'fhéadfadh barainneacht scála a bheith mar thoradh air seo. Beidh táirgeadh na dtáirgí le méadú mar go mbíonn bulc-cheannach amhábhbar mar thoradh air seo agus tagann laghdú ar an gcostas in aghaidh an aonaid ar gach táirge dá bharr. Méadaíonn sé seo táirgiúlacht agus iomaíochas. Glac leis an ábhar ceart atá ábhartha don chainéal dáileacháin a shainiú.	14m 2 x 7m (4+3)

- (B) Faoi ghné an táirge den chumasc margaíochta, mínigh na tosca nach mór do ghnólacht a chur san áireamh nuair atá táirge nua **nó** táirge leasaithe á dhearadh. (15)

Ceist		Freagraí Féideartha	Uas. Marc
8	(B)	Feidhmiúlacht Ní mór do ghnó an úsáid a bhainfear as táirge a chur san áireamh. Is gá go mbeadh sé indéanta an táirge a tháirgeadh agus go bhfeidhmeodh an mar is ceart, gan aon deacracht ag na tomhaltóirí á úsáid. m.sh. Bhí an fheidhmiúlacht mar phríomhghné i ndearadh an apple iPhone. Costas an Táirgthe Ní mór costais ábhair, trealaimh agus saothair a chur san áireamh sa chinnteoireacht agus Táirge á dhearadh. Ní mór don ghnólacht a chinntiú go mbeidh corrlaigh bhrabúis shásúla ann i ndiaidh an bhunphraghais a bhaineann le gach aonad a tháirgeadh. An Spriocmhargadh Tá ríthábhacht ag baint le riachtanais an spriocmhargaidh sa choincheap margaíochta. Ní mór riachtanais an spriocmhargaidh a shainaithint agus a chur san áireamh agus táirge á dhearadh. Cuirfidh an gnólacht an méid seo a leanas san áireamh; An dtaitneoidh an táirge leis an spriocmhargadh? An ndéanann an dearadh riachtanais agus mianta an spriocmhargaidh a shásamh? An bhfuil margadh ann. An bhfuil siad sásta íoc as an táirge seo? Iomaitheoirí Is gá an iomaíocht a chur san áireamh agus gach cinneadh margaíochta á dhéanamh. An bhfuil ár dTáirge róchosúil? An bhfuil USP againn? An féidir ár smaoineamh a chóipeáil go héasca? Riachtanais Dhlíthiúla Ní mór do tháirgí na dlíthe tomhaltóirí ar fad a chomhlíonadh, ar nós An tAcht Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí, 1980. Ní mór cloí le treoracha agus rialacháin AE maidir le reachtaíocht sábháilteac táirge agus pacáistiú. Brandáil An bhfuil an táirge ag cloí leis an réimse táirgí agus leis an mbranda gnó atá ag cheana? An gceannóidh ár gcustaiméirí reatha an saghas seo táige faoin ainm branda seo? Aeistéitic Pacáistiú Inbhuanaitheacht	15 mharc 3 x 5m (2+3)

- (C) Tabhair breac-chuntas ar an tuiscint atá agat ar **thrí** cinn ar bith de na cineálacha fógraíochta seo a leanas atá ar an liosta thíos.
Tabhair sampla i ngach cás chun tacú le do fhreagra.

1. Fógraíocht áititheach
2. Fógraíocht fhaisnéiseach
3. Fógraíocht chineálach
4. Fógraíocht iomaíoch.

(20)

Ceist		Freagraí Féideartha	Uas. Marc
8	(C)	1. Fógraíocht áititheach: Déanann an cineál seo fógraíochta iarracht a chur ina luí ar an gcustaiméir go bhfuil an táirge seo ag teastáil uathu. Déanann an fhógraíocht áititheach iarracht a chur in iúl go mbeidh luach ag baint leis an táirge/tseirbhís seo i saol an tomhaltóra. Mar shampla Déanann L'Oréal iarracht a chur ina luí ar an tomhaltóir go mbeidh gruaig níos sláintiúla/níos mealltaí acu má bhaineann siad úsáid as a gcuid táirgí féin. 2. Fógraíocht fhaisnéiseach: Cuireann an fhógraíocht fhaisnéiseach eolas/fíricí nó sonraí in iúl ar mhaithe leis an bpobal féachana a chur ar an eolas, seachas chun ioncam ó dhíolacháin a mhéadú. Samplaí: Fógraíocht Covid-19 ón Roinn Sláinte I mí Aibreáin 2022, rinne Ferrero (Kinder Chocolate) baisceanna Kinder Surprise 20g agus Kinder Surprise 20g x 3 a aistarraingt, mar gheall go raibh baol ann go raibh Salmonella i láthair. 3. Fógraíocht chineálach: Déanann fógraíocht chineálach iarracht an tábhacht a bhaineann le cineál earra ar leith a chur in iúl. Baineann sé seo leis an bhfógraíocht a dhéantar ar earra/thionscal/sheirbhís seachas ar bhranda áirithe amháin. Mar shampla Na buntáistí a bhaineann le bainne a ól á bhfógairt ag an gComhairle Náisiúnta Déiríochta. 4. Fógraíocht iomaíoch/Chomparáideach: Cuirtear in iúl san fhógraíocht go bhfuil branda nó táirge níos fearr ná táirgí na n-iomaitheoirí bunaithe ar chomparáidí praghaís, ar cháilíocht na dtáirgí srl. Is minic a bhainfidh ollmhargaí úsáid as fógraíocht chlóite sna nuachtáin chun an difear sa phraghas a léiriú idir a gcuid táirgí féin agus táirgí a gcuid iomaitheoirí.	20 2 x 7m (4+3) 1 x 6m (3+3)

